



---

*Uimhir 23 de 2011*

---

**AN tACHT UM AN DLÍ SIBHIALTA (FORÁLACHA  
ILGHNÉITHEACHA), 2011**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.
2. Míniú.

CUID 2

CÚNAMH DLÍTHIÚIL SIBHIALTA

3. Leasú ar alt 26 den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.

CUID 3

SAMÁRAIGH MHAITHE, ETC.

4. Dliteanas i leith faillí samárach maith, saorálaithe agus eagraíochtaí saorálaithe.

CUID 4

SEIRBHÍSÍ SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

5. Míniú (*Cuid 4*).
6. Leasú ar alt 2 d'Acht 2004.
7. Leasú ar alt 14 d'Acht 2004.
8. Leasú ar alt 18 d'Acht 2004.
9. Leasú ar alt 21 d'Acht 2004.
10. Leasú ar alt 22 d'Acht 2004.
11. Leasú ar alt 23 d'Acht 2004.
12. Ceadúnas sealadach faoi Acht 2004.

13. Leasú ar alt 37 d'Acht 2004.
14. Leasú ar alt 48 d'Acht 2004.
15. Leasú ar alt 51 d'Acht 2004.
16. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2004.

CUID 5

DEOCHANNA MEISCIÚLA

17. Cóid Cleachtais.

CUID 6

COMHIONANNAS

18. Mínithe (*Cuid 6*).
19. Leasú ar alt 2 d'Acht 1998.
20. Leasú ar alt 5 d'Acht 1998.
21. Leasú ar alt 75 d'Acht 1998.
22. Leasú ar alt 77 d'Acht 1998.
23. Leasú ar alt 78(7)(b) d'Acht 1998.
24. Leasú ar alt 79 d'Acht 1998.
25. Leasú ar alt 82 d'Acht 1998.
26. Leasú ar alt 83 d'Acht 1998.
27. Leasú ar alt 21 d'Acht 2000.
28. Leasú ar alt 25 d'Acht 2000.
29. Leasú ar alt 39 d'Acht 2000.

CUID 7

FÉIMHEACHT

30. Leasú ar an Acht Féimheachta, 1988.

CUID 8

LEASÚ AR AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COTHABHÁIL CÉILÍ  
AGUS LEANAÍ), 1976

31. Leasú ar an Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanáí), 1976.

CUID 9

CRÓINEIRÍ

32. Leasú ar an Acht Cróinéirí, 1962.

[2011.]      *An tAcht um an Dlí Sibhialta*      [Uimh. 23.]  
(*Forálacha Ilghnéitheacha*), 2011.

CUID 10

LEASÚ AR ACHT NÁISIÚNTACHTA AGUS SAORÁNACHTA ÉIREANN, 1956

33. Leasú ar Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956.

CUID 11

INIMIRCE

34. Leasú ar an Acht Inimirce, 2004.

CUID 12

LEASÚ AR AN ACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACTHA,  
2009

35. Míniú (*Cuid 12*).
36. Leasú ar alt 27(1) d'Acht 2009.
37. Leasú ar alt 35 d'Acht 2009.
38. Leasú ar alt 38 d'Acht 2009.
39. Leasú ar alt 39 d'Acht 2009.

CUID 13

LEASÚ AR AN ACHT UM CHLÁRÚ TEIDIL, 1964

40. Míniú (*Cuid 13*).
41. Leasú ar Acht 1964 (alt 49A a chur isteach).
42. Leasú ar alt 69 d'Acht 1964.

CUID 14

MÁISTRÍ FÓMHAIS

43. Máistrí Fómhais a cheapadh.

CUID 15

BINSÍ FIOSRÚCHÁIN

44. Léiriú (*Cuid 15*).
45. Feidhm *Chuid 15*.
46. Ábhar iomchuí a thaisceadh tar éis fiosrúchán, etc., a chríochnú.
47. Ábhar iomchuí a bheith ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.
48. Srian leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

CUID 16

SEIRBHÍSÍ IDIRGHABHÁLA TEAGHLAIGH

49. Mínithe (*Cuid 16*).
50. Feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí idirghabhála teaghlaigh a aistriú ón nGníomhaireacht chuig an mBord.
51. Maoin áirithe a aistriú.
52. Cearta agus dlíteanais áirithe a aistriú.
53. Oifigigh agus foireann a aistriú.
54. Leasú ar an Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.
55. Leasú ar an Acht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001.

CUID 17

ILGHNÉITHEACH

56. Leasú ar an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003.
57. Leasú ar alt 40 den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004.
58. Leasú ar alt 2(2) den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994.
59. Leasú ar alt 1 den Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.
60. Leasú ar an Acht um Fhoréigean Baile, 1996.
61. Leasú ar an Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010.
62. Leasú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
63. Leasú ar alt 8 den Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte, 1940.
64. Leasú ar an Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936.
65. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995.
66. Leasú ar alt 65 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936.

AN SCEIDEAL

“AN DARA SCEIDEAL

---

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005	
An tAcht Féimheachta, 1988	1988, Uimh. 27
Na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2001	
An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001	2001, Uimh. 19
An tAcht Carthanas, 2009	2009, Uimh. 6
An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998	1998, Uimh. 22
An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008	2008, Uimh. 14
An tAcht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995	1995, Uimh. 32
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta, 1961	1961, Uimh. 41
An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010	2010, Uimh. 24
An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004	2004, Uimh. 3
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
An tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004	2004, Uimh. 23
An tAcht Cróinéirí, 1962	1962, Uimh. 9
Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961	1961, Uimh. 38
Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1986	1986, Uimh. 26
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961	1961, Uimh. 31
Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995	1995, Uimh. 31
Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002	2002, Uimh. 15
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008	2008, Uimh. 8
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1936	1936, Uimh. 48
An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996	1996, Uimh. 1
Na hAchtanna um Fhoréigean Baile, 1996 agus 2002	
An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998	1998, Uimh. 21
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2008	
Na hAchtanna um Fhorfheidhmiú Orduithe Cúirte, 1926 go 2009	
An tAcht um Fhorfheidhmiú Orduithe Cúirte, 1940	1940, Uimh. 23
An tAcht um Stádas Comhionann, 2000	2000, Uimh. 8
Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2008	
An tAcht um an Dlí Teaghlach (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976	1976, Uimh. 11
An tAcht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlach, 2001	2001, Uimh. 54
Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003	
An tAcht Inimirce, 2004	2004, Uimh. 1
Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956	1956, Uimh. 26
Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1986	1986, Uimh. 23
Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2001	2001, Uimh. 15
Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004	2004, Uimh. 38
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009	2009, Uimh. 27
Na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2010	
An tAcht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1993	1993, Uimh. 31
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004	
Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007	2007, Uimh. 25

[Uimh. 23.]      *An tAcht um an Dlí Sibhialta*      [2011.]  
*(Forálacha Ilghnéitheacha), 2011.*

An tAcht Loingis Cheannaíochta (Dliteanas Úinéirí Long agus Daoine Éile), 1996	1996, Uimh. 35
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005	
An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986	1986, Uimh. 11
An tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009	2009, Uimh. 15
Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003	2003, Uimh. 32
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1997, Uimh. 20
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006	
An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003	2003, Uimh. 43
An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004	2004, Uimh. 12
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	2003, Uimh. 29
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	2001, Uimh. 45
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007	
Acht na nDídeanaithe, 1996	1996, Uimh. 17
An tAcht um Chlárú Teidil, 1964	1964, Uimh. 16
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961	1961, Uimh. 24
An tAcht Aturnaetha (Leasú), 1994	1994, Uimh. 27
Na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2008	
Reacht na dTréimhsí, 1957	1957, Uimh. 6
An tAcht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991	1991, Uimh. 18
An tAcht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938	1938, Uimh. 37
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001	
<i>Tribunals of Inquiry (Evidence) Act</i> 1921	11 & 12 Geo. 5. c.7
Na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921 go 2011	
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007	



---

*Uimhir 23 de 2011*

---

**AN tACHT UM AN DLÍ SIBHIALTA (FORÁLACHA  
ILGHNÉITHEACHA), 2011**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO LEASÚ AN DLÍ A BHAINNEANN LE DLITEANAS SIBHIALTA I LEITH GNÍOMHARTHA SAMÁRACH MAITH, SAORÁLAITHE AGUS EAGRAÍOCHTAÍ SAORÁLAITHE; DO LEASÚ AN ACHTA UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL SIBHIALTA, 1995; DO LEASÚ AN ACHTA UM SHEIRBHÍSÍ SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ, 2004; DO LEASÚ AN DLÍ A BHAINNEANN LE DEOCHANNA MEISCIÚLA A DHÍOL; DO LEASÚ AN ACHTA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1998; DO LEASÚ AN ACHTA UM STÁDAS COMHIONANN, 2000; DO LEASÚ AN ACHTA FÉIMHEACHTA, 1988; DO LEASÚ AN ACHTA UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COTHABHÁIL CÉILÍ AGUS LEANAÍ), 1976; DO LEASÚ AN ACHTA CRÓINÉIRÍ, 1962; DO LEASÚ AN ACHTA UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACTHA, 2009; DO LEASÚ AN ACHTA UM CHLÁRÚ TEIDIL, 1964; DO LEASÚ AN DLÍ A BHAINNEANN LE BINSÍ FIOSRÚCHÁIN; AGUS DO LEASÚ ACHTACHÁIN ÁIRITHE EILE; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[2 Lúnasa 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,  
comhlua, forléiriú  
agus tosach  
feidhme.

(2) Féadfar na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011 a ghairm den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus de *Chuid 4* le chéile.

(3) Féadfar na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2011 a ghairm de na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2010 agus *d'alt 17* le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(4) Féadfar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2011 a ghairm de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1988 go 2008 agus *d'ailt 18 go 26* le chéile.

(5) Féadfar na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2011 a ghairm de na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2008 agus *d'alt 21* a mhéid a thagraíonn sé *d'alt 21* den Acht um Stádas Comhionann, 2000 agus *d'ailt 27 go 29* le chéile.

(6) Féadfar na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2011 a ghairm de na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2001 agus de *Chuid 7* le chéile.

(7) Féadfar na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2011 a ghairm de na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2008 agus *d'alt 58* le chéile.

(8) Féadfar na hAchtanna um Fhoréigean Baile, 1996 go 2011 a ghairm de na hAchtanna um Fhoréigean Baile, 1996 agus 2002 agus *d'alt 60* le chéile.

(9) Féadfar na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921 go 2011 a ghairm de na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921 go 2004 agus de *Chuid 15* le chéile.

(10) Tiocfaidh *ailt 6, 12* agus *30(g)* agus *ailt 49 go 55* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

Míniú.

**2.**—San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

## CUID 2

### CÚNAMH DLÍTHIÚIL SIBHIALTA

Leasú ar alt 26 den Acht um Chúnamm Dlíthiúil Sibhialta, 1995.

**3.**—Leasaítear alt 26 den Acht um Chúnamm Dlíthiúil Sibhialta, 1995—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A) (a cuireadh isteach le halt 78(b) den Acht um an Dlí Sibhialta (*Forálacha Ilghnéitheacha*), 2008):

“(3B) D’ainneoin aon fhorála eile den Acht seo, deonóidh an Bord comhairle dlí do dhuine is íospartach líomhnaithe ciona gáinneála ar dhaoine—

(a) i ndáil le haon ní a bhaineann leis an gcion gáinneála ar dhaoine a dhéanamh (cibé acu a bheidh nó nach mbeidh ionchúiseamh tionscanta maidir leis an gcion sin),

(b) i ndáil le haon ní a bhfuil baint aige le haon chion eile a dhéanamh a líomhnófar gur íospartach an chiona sin an duine agus ar cion é (cibé acu is cion gáinneála ar dhaoine é nó nach ea) a líomhnófar a bheith déanta i gcúrsa an cion gáinneála ar dhaoine a dhéanamh, nó



baint a bheith aige thairis sin lena dhéanamh,  
nó

- (c) gan dochar do ghinearáltacht mhír (a) nó (b), i ndáil leis an gcion gáinneála ar dhaoine, nó leis an gcion eile dá dtagraítear i mír (b) a ionchúiseamh.”,

agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(8) San alt seo, ciallaíonn “cion gáinneála ar dhaoine”—

- (a) cion faoi alt 2, 4, 5, 6, 7 nó 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008,
- (b) cion faoi alt 3 (seachas fo-ailt (2A) agus (2B)) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998.”.

### CUID 3

SAMÁRAIGH MHAITHE, ETC.

4.—Leasaítear an tAcht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach tar éis Chuid IV:

Dlíteanas i leith faillí samárach maith, saorálaithe agus eagraíochtaí saorálaithe.

### “CUID IVA

#### DLITEANAS I LEITH FAILLÍ SAMÁRACH MAITH, SAORÁLAITHE AGUS EAGRAÍOCHTAÍ SAORÁLAITHE

Léiriú (Cuid IVA).

51A.—(1) Sa Chuid seo—

folaíonn “éigeandáil” imthosca a eascraíonn i dtaca le tionóisc iarbhír nó le tionóisc a cheaptar a tharla;

ciallaíonn “samárach maith” duine a dhéanfaidh, gan súil le híocaíocht ná luaíocht eile, cúnamh, comhairle nó cúram a thabhairt do dhuine eile le linn éigeandála, ach ní fholáíonn sé duine a dhéanann amhlaidh mar shaorálaí;

ní fholáíonn “faillí” sárú ar dhualgas reachtúil;

ciallaíonn “obair shaorálach” aon obair nó aon ghníomhaíocht eile arna seoladh chun aon chríche díobh seo a leanas:

- (a) críoch charthanúil de réir bhrí an Achta Carthanas, 2009;
- (b) gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), chun cúnamh, comhairle nó cúram a

thabhairt le linn éigeandála nó d'fhonn éigeandáil a chosc;

(c) chun críche spóirt nó caitheamh aimsire;

ciallaíonn “saorálai” duine a dhéanann obair shaorálach a bheidh údaráithe ag eagraíocht saorálaithe agus a dhéanann amhlaidh gan súil le híocaíocht (seachas cúiteamh réasúnach ar chostais) ná luaíocht eile;

ciallaíonn “eagraíocht saorálaithe” aon chomhlacht (cibé acu atá sé corpraithe nó nach bhfuil) nach mbunaítear le haghaidh brabúis agus a údaraíonn obair shaorálach a dhéanamh cibé acu mar phríomhchríoch na heagraíochta nó nach ea.

(2) Aon tagairt sa Chuid seo do chúnamh, comhairle nó cúram a thabhairt do dhuine, folaíonn sí tagairt d'aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) garchabhair a thabhairt don duine;

(b) duine a chur faoi chóireáil ag úsáid uath-dhífhibrileoír seachtrach;

(c) an duine a iompar ó láthair éigeandála go dtí ospidéal nó áit eile d'fhonn a chinntiú go bhfaighidh an duine cúram liachta.

(3) Ní oibreoidh aon ní i bhfo-alt (2) chun teorainn a chur le cineál na ngníomhaíochtaí a bhféadfaidh gurb éard iad cúnaimh, comhairle nó cúram chun críocha na Coda seo.

Ní bhainfidh an Chuid seo le cúiseanna caingne láithreacha.

Ní bhainfidh an Chuid seo le tionóiscí gluaisteán in áiteanna poiblí.

Samáraig mhaith a chosaint ar dhliteanas i leith faillí.

51B.—Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo le haon chúis chaingne a d'fhabhraigh roimh thosach feidhme na Coda seo.

51C.—(1) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo i ndáil le feithicil inneallghluaiste a úsáid go faillíoch in áit poiblí.

(2) San alt seo, tá le “feithicil inneallghluaiste” an bhrí chéanna atá leis i gCuid VI den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

51D.—(1) Ní bheidh samárach maith faoi dhliteanas pearsanta maidir le faillí mar gheall ar aon ghníomh arna dhéanamh in éigeandáil le linn dó nó di—

(a) cúnaimh, comhairle nó cúram a thabhairt do dhuine—

(i) atá i ngarchontúirt mhór, nó a dhealraíonn a bheith i ngarchontúirt mhór, go ngortófaí, nó go ngortófaí tuilleadh, é nó í,

(ii) atá gortaithe, nó a dhealraíonn a bheith gortaithe, nó

(iii) a bhfuil breoiteacht air nó uirthi, nó a ndéalraíonn sé go bhfuil breoiteacht air nó uirthi,

nó

(b) comhairle a thabhairt ar an teileafón nó le modh cumarsáide eile do dhuine (cibé acu is duine dá dtagraítear i mír (a) an duine nó nach ea) a bheidh ar láthair na héigeandála.

(2) Beidh feidhm ag an gcosaint ó dhliteanas pearsanta a thugtar do shamárach maith le fo-alt (1) fiú más gníomh de chuid an tsamáraigh mhaith is cúis leis an éigeandáil.

(3) Ní bheidh feidhm ag an gcosaint ó dhliteanas pearsanta a thugtar do shamárach maith le fo-alt (1) maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) aon ghníomh a dhéanfaidh an samárach maith de mheon mímhacánta nó trí mhór-fhaillí, nó

(b) aon ghníomh a dhéanfaidh an samárach maith le linn dó nó di cúnadh, comhairle nó cúram a thabhairt in imthosca ina bhfuil dualgas ar an samárach maith (cibé acu a fhorchuirtear é le haon achtachán nó faoi nó le haon rial dlí eile nó fúithi) an cúnadh, an chomhairle nó an cúram sin a thabhairt.

Cosaint do shaorálaithe ó dhliteanas mar gheall ar fhaillí.

51E.—(1) Ní bheidh saorálaí faoi dhliteanas pearsanta maidir le faillí mar gheall ar aon ghníomh a dhéanfar le linn obair shaorálach a dhéanamh.

(2) Ní bheidh feidhm ag an gcosaint ó dhliteanas pearsanta a thugtar do shaorálaí le fo-alt (1) maidir le haon ghníomh arna dhéanamh ag an saorálaí, más rud é—

(a) go ndearna an saorálaí an gníomh de mheon mímhacánta nó trí mhór-fhaillí, nó

(b) gurbh eol, nó gur chóir le réasún gurbh eol, don saorálaí—

(i) go raibh an gníomh lasmuigh de réim na hoibre saorálaí a údaraíonn an eagraíocht saorálaithe lena mbaineann, nó

- (ii) go raibh an gníomh in aghaidh threoracha na heagraíochta saorálaithe lena mbaineann.

(3) Ní bheidh aon éifeacht ag comhaontú, gealltanais nó socrú a mhéid a fhoráiltear leis go dtabharfaidh saorálaí slánaíocht d’eagraíocht saorálaithe in aghaidh dliteanais, nó go ndéanfaidh saorálaí ranníocaíocht le heagraíocht saorálaithe i ndáil le dliteanas—

- (a) a thabhóidh an saorálaí mar gheall ar a fhaillí nó a faillí murach oibriú fho-alt (1), agus
- (b) a thabhóidh an eagraíocht saorálaithe de thoradh a dliteanais ionadaigh mar gheall ar an bhfaillí sin.

Cosaint de bhreis ar aon chosaint eile faoi dhlí eile.

51F.—Maidir leis an gcosaint ó dhliteanas pearsanta a thugtar do shamárach maith le halt 51D nó do shaorálaí le halt 51E, is cosaint í de bhreis ar aon chosaint ar dhliteanas pearsanta a thugtar don samárach maith nó don saorálaí le haon achtachán eile nó faoi nó le haon riail dlí eile, nó fúithi.

Eagraíochtaí saorálaithe agus dualgas cúraim.

51G.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le himeachtaí a bhaineann le dliteanas eagraíochta saorálaithe maidir le faillí a eascraíonn as gníomhaíochtaí arna seoladh ag an eagraíocht nó thar a ceann.

(2) In aon imeachtaí lena mbaineann an t-alt seo, le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an raibh dualgas cúraim i leith an ghearánaí nó aon duine eile ar an eagraíocht saorálaithe, déanfaidh cúirt breithniú i dtaobh an mbeadh sé cóir agus réasúnach a fhionnadh go raibh dualgas den chineál sin ar an eagraíocht ag féachaint d’áisiúlacht shóisialta na ngníomhaíochtaí lena mbaineann.

(3) Ní oibreoidh aon rud san alt seo chun teorainn a chur leis na nithe a fhéadfaidh cúirt a bhreithniú, in imeachtaí lena mbaineann an t-alt seo, le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an raibh dualgas cúraim ar eagraíocht saorálaithe i leith gearánaí nó duine eile.”.

#### CUID 4

#### SEIRBHÍSÍ SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

Míniú (Cuid 4).

5.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004.

6.—Leasaítear alt 2(1) d’Acht 2004—

Leasú ar alt 2  
d’Acht 2004.

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar  
“suiteálaí trealaimh slándála”:

“ciallaíonn ‘suiteálaí trealaimh slándála’ aon duine—

- (a) a shuiteálann, a chothabhálann, a dheisíonn nó a sheirbhísíonn i gcúrsa gnó, trádála nó gairme, feistí leictreonacha nó feistí eile a dheantar, a dhéantar nó a oiriúnaítear chun rabhadh a thabhairt faoi dhul isteach gan údarás nó mí-iompair in aon áitreabh nó cóngarach d’aon áitreabh nó monatóireacht a dhéanamh ar an gcéanna nó é a thaifeadadh,

- (b) a shuiteálann, a chothabhálann, a dheisíonn nó a sheirbhísíonn i gcúrsa gnó, trádála nó gairme, feistí leictreonacha nó feistí eile a dheantar, a dhéantar nó a oiriúnaítear chun rochtain ag daoine nó feithiclí ar aon áitreabh nó laistigh d’aon áitreabh, a rialú nó a thaifeadadh—

- (i) trí chéannacht phearsanta a fhíorú, lena n-áirítear trí bhíthin bithmhéadrachta,

- (ii) trí fheithiclí a aithint,

- (iii) trí chóid uimhriúla,

- (iv) trí chóid aibítreacha,

- (v) trí bhainistiú cártaí rochtana nó cártaí eile, nó

- (vi) trí bhainistiú eochracha leictreonacha,

nó aon teaghlaim de na modhanna sin,

agus foláíonn sé duine a dhéanann, i dtaca le seirbhísí dá dtagraítear i mír (a) nó (b) a sholáthar, comhairle thabhairt maidir leis an trealamh sin a shuiteáil nó comhairle a thabhairt maidir le feistí den sórt sin a chosaint ar dhamáiste nó ar chur isteach;”

- (b) sa mhíniú ar “imscrúdaitheoir príobháideach” trí “i gcúrsa gnó, trádála, nó gairme,” a chur in ionad “ar luach saothair”,

- (c) sa mhíniú ar “sainchomhairleoir slándála” trí “i gcúrsa gnó, trádála, nó gairme,” a chur in ionad “ar luach saothair”, agus

- (d) sa mhíniú ar “seirbhís slándála”, i mír (b) “suiteálaí” a chur in ionad “soláthróir nó suiteálaí”.

7.—Leasaítear Acht 2004, in alt 14—

Leasú ar alt 14  
d’Acht 2004.

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Chun críocha an Achta seo, féadfaidh an tÚdarás duine a cheapadh (lena n-áirítear comhalta d’fhoireann an Údaráis) chun bheith ina chigire nó ina cigire ar feadh cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tÚdarás.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Féadfaidh an tÚdarás comhalta dá fhoireann a ainmniú, is comhalta a ceapadh ina chigire nó ina cigire de bhun fho-alt (1), chun a bheith ina Phríomh-Chigire nó ina Príomh-Chigire.”.

Leasú ar alt 18 d’Acht 2004.

**8.**—Leasaítear alt 18(1) d’Acht 2004 trí “mar shainchomhairleoir, cigire nó comhairleoir” a chur in ionad “mar shainchomhairleoir nó comhairleoir”.

Leasú ar alt 21 d’Acht 2004.

**9.**—Leasaítear alt 21 d’Acht 2004—

(a) i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(ab) a cheangal ar an iarratasóir sonraí gach duine a thabhairt, i gcás inar cuideachta é nó í an t-iarratasóir, is úinéir tairbhiúil ar níos mó ná 5 faoin gcéad de scairchaipiteal na cuideachta,”,

agus

(b) i bhfo-alt (4), trí “na scairshealbhóirí lena mbaineann fo-alt (3)(ab) agus na stiúrthóirí, i gcás” a chur isteach i mír (a) in ionad “na stiúrthóirí, i gcás”.

Leasú ar alt 22 d’Acht 2004.

**10.**—Leasaítear alt 22 d’Acht 2004 trí “aon stiúrthóir, scairshealbhóir lena mbaineann alt 21(3)(ab), bainisteoir” a chur isteach i bhfo-alt (3)(b)(i) in ionad “aon stiúrthóir, bainisteoir”.

Leasú ar alt 23 d’Acht 2004.

**11.**—Leasaítear alt 23 d’Acht 2004—

(a) i bhfo-alt (1), trí “ar an modh forordaithe” a scrios,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Déanfar iarratas ar cheadúnas a athnuachan de réir nósanna imeachta a shonróidh an tÚdarás.”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Más rud é—

(a) go bhfuil feidhm ag fo-alt (3),

- (b) gur chomhlíon an t-iarratasóir na nósanna imeachta a shonraítear de bhun fho-alt (2), agus
- (c) go ndéanfaidh an tÚdarás ceadúnas a athnuachan,

rachaidh an ceadúnas arna athnuachan amhlaidh in éag an lá a rachadh sé in éag dá ndéanfaí é a athnuachan le héifeacht ón lá díreach tar éis an lae a rachadh an ceadúnas in éag murach oibriú fho-alt (3).”.

**12.**—Leasaítear Acht 2004 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 27: Ceadúnas sealadach faoi Acht 2004.

“Ceadúnas sealadach.

27A.—(1) I gcás ina mbeidh iarratas ar cheadúnas faoi alt 21 faighte ag an Údarás agus, tar éis dó an t-iarratas a bhreithniú, gur deimhin leis—

- (a) go ndearnadh forálacha an Achta seo agus aon rialacháin a bhaineann le hiarratais ar cheadúnas arna ndéanamh de bhun alt 51 a chomhlíonadh (seachas maidir le hinniúlacht an iarratasóra chun an tseirbhís slándála lena mbaineann an t-iarratas a sholáthar), agus
- (b) gur cuí ceadúnas sealadach a dheonú don iarratasóir chun a chumasú don iarratasóir an inniúlacht is gá maidir le soláthar seirbhísí slándála de chineál lena mbaineann an t-iarratas ar cheadúnas a thaispeáint,

féadfaidh an tÚdarás ceadúnas sealadach a dheonú ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí chun a chumasú don iarratasóir an tÚdarás a shásamh go bhfuil an inniúlacht is gá ag an iarratasóir chun seirbhísí slándála de chineál lena mbaineann an t-iarratas a sholáthar.

(2) I gcás ina mbeidh ceadúnas sealadach deonaithe ag an Údarás faoin alt seo agus inar deimhin leis an Údarás go bhfuil imthosca neamhghnácha ann, féadfaidh an tÚdarás téarma an cheadúnais sin a fhadú ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí.

(3) Ní fhéadfaidh an tÚdarás a chumhacht faoi fho-alt (2) a fheidhmiú, i leith ceadúnais áirithe, ach aon uair amháin.

(4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo i gcás a mbainfidh an t-iarratas le hathnuachan ar cheadúnas.

(5) Ní bheidh feidhm ag alt 28 maidir le ceadúnas sealadach a eiseofar de bhun an ailt seo.”.

Leasú ar alt 37  
d'Acht 2004.

**13.**—Leasaítear alt 37(1) d'Acht 2004 trí “Ní dhéanfaidh duine seirbhís slándála a sholáthar a mhéid a bheidh an tAcht seo tagtha i ngníomh maidir leis an tseirbhís slándála lena mbaineann agus ní thabharfaidh sé nó sí le tuiscint” a chur in ionad “Ní dhéanfaidh fostóir slándála príobháidí nó pearsa aonair dá dtagraítear in aon cheann de mhíreanna an mhínithe ar “seirbhís slándála” in alt 2 (1), ar thosach feidhme na míre lena mbaineann nó dá éis, seirbhís slándála a sholáthar nó a thabhairt le tuiscint”.

Leasú ar alt 48  
d'Acht 2004.

**14.**—Leasaítear alt 48 d'Acht 2004 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) I gcás go gciontaítear duine i gcion faoin Acht seo, is cion a d'ionchúisigh an tÚdarás, déanfaidh an chúirt, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a thabhaigh an tÚdarás i ndáil leis an gcion a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, a íoc leis an Údarás.”.

Leasú ar alt 51  
d'Acht 2004.

**15.**—Leasaítear alt 51 d'Acht 2004—

(a) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (g):

“(g) na táillí a mhuirearóidh an tÚdarás maidir le hiarratais ar cheadúnais agus maidir le seirbhísí eile arna soláthar ag an Údarás.”,

agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach, i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Le linn rialacháin a dhéanamh de bhun fho-alt (2)(g) féadfaidh an tÚdarás—

(a) táillí éagsúla a fhorordú i leith imthosca éagsúla nó aicmí éagsúla imthosca, nó i ndáil le haicmí éagsúla ceadúnas agus i ndáil le haicmí éagsúla cásanna,

(b) socrú a dhéanamh maidir le táillí a tharscaoileadh, a loghadh nó a aisíoc (go hiomlán nó go páirteach) in imthosca éagsúla nó in aicmí éagsúla imthosca nó i ndáil le haicmí éagsúla ceadúnas agus i ndáil le haicmí éagsúla cásanna,

(c) socrú a dhéanamh maidir le díolúine ó tháillí a íoc in imthosca a shonraítear sna rialacháin.

(2B) Le linn rialacháin a dhéanamh de bhun fho-alt (2)(g), féadfaidh an tÚdarás aird a thabhairt ar an méid seo a leanas—

(a) na caiteachais a thabhóidh an tÚdarás, nó

(b) na caiteachais a mheastar a thabhóidh an tÚdarás,



le linn dó a chuid feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, ionas go ndéanfar an oiread de na costais sin is cuí leis an Údarás a ghnóthú ó tháillí a bheidh le muirearú de bhun na rialachán sin.”

**16.**—Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2004—

Leasú ar Sceideal 2  
a ghabhann le  
hAcht 2004.

(a) i mír 14(1)—

(i) trí “Aon iarratasóir ar cheadúnas nó sealbhóir ceadúnais arb éagóir leis nó léi cinneadh ón Údarás—” a chur in ionad “Aon duine arb éagóir leis nó léi cinneadh ón Údarás—”, agus

(ii) i gclásal (d), trí “lena mbaineann ceadúnas,” a chur in ionad “lena mbaineann ceadúnas, nó”, agus

(iii) trí chlásal (e) a scriosadh,

(b) i mír 14, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (4):

“(4) Beidh achomharc bunaithe ar thaifead an chinnidh lena mbaineann an t-achomharc, ar na forais achomhairc atá san fhógra achomhairc agus ar aon tuairimí de chuid an Údaráis arna dtabhairt ar iarraidh ón mBord Achomhairc i dtaobh aon ní eile a eascraíonn ar an gcinneadh.”

(c) i mír 14(5), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (b):

“(b) tríd an ní a tharchur ar ais chun an Údaráis maille le moladh—

(i) go ndéanfar an ceadúnas a dheonú, a athnuachan nó a aisiriú, de réir mar a bheidh,

(ii) go ndéanfar an t-íomardú, an foláireamh, an rabhadh nó comhairle a tharraingt siar, nó

(iii) go ndeonófar an t-athrú a lorgáitear,

agus tabharfaidh an tÚdarás éifeacht d’aon mholadh den sórt sin.”

(d) i mír 15(1)(d), trí “agus na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe” a chur in ionad “agus na cúiseanna, na cúinsí agus na hargóintí ar a bhfuil siad bunaithe”,

(e) i mír 15, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (4):

“(4) Ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc aon doiciméid a chuir achomharcóir faoina bhráid i ndáil le hachomharc seachas na doiciméid sin a bhí ag gabháil leis an

bhfógra achomhairc nó a thug an t-achomharcóir mar fhreagra ar iarraidh ón mBord Achomhairc.”,

(f) i mír 16(2)(b), trí “aon tuarascáil a ullmhaíodh don Údarás nó a fuair an tÚdarás” a chur in ionad “aon tuarascáil a ullmhaíodh don Údarás”,

(g) trí mhír 18 a scriosadh,

(h) i mír 19—

(i) tríd an méid seo a chur in ionad fhomhír (1):

“(1) Féadfaidh duine nach páirtí in achomharc aighneacht a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt i scríbhinn don Bhord Achomhairc i ndáil leis an achomharc i gcás ian n-iarrfaidh an Bord Achomhairc air nó uirthi déanamh amhlaidh.”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (2):

“(2) Féadfar an aighneacht sin a dhéanamh nó na tuairimí sin a thabhairt laistigh de mhí amháin tar éis don Bhord Achomhairc an iarraidh a eisiúint go ndéanfaí amhlaidh, agus ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc aon aighneacht nó tuairimí den sórt sin a gheobhaidh sé tar éis don tréimhse sin dul in éag.”.

(i) trí mhír 20 a scriosadh,

(j) i mír 21—

(i) tríd an méid seo a chur in ionad fhomhír (1):

“(1) Éistfeadh go príobháideach suíonna den Bhord Achomhairc de ghnáth agus seolfar iad leis an bhfoirmiúlacht is lú a bheidh i gcomhréir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an mBord Achomhairc.”,

(ii) i bhfomhír (2) trí “uaidh féin nó” a scriosadh,

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (3):

“(3) Le linn éisteacht ó bhéal a sheoladh, féadfaidh an Bord Achomhairc, le fógra i scríbhinn, a cheangal ar aon duine freastal cibé tráth agus i cibé áit a bheidh sonraithe san fhógra chun fianaise a thabhairt i ndáil le haon ní a bheidh i saincheist ag an éisteacht nó chun aon doiciméid iomchuí a thabhairt ar aird a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú.”,

(iv) i bhfomhír (4), trí “i bhfomhír (3)” a chur in ionad “i bhfomhír (3)(b)”;

(v) i bhfomhír (6), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (c):

“(c) i gcás gurb é an tÚdarás a dhéanfaidh an iarraidh, déanfar é laistigh den tréimhse míosa dá dtagraítear i mír 17(1).”;

agus

(k) i mír 22, trí “de réir mhír 21(3)” a chur in ionad “de réir mhír 21(3)(b)”.

## CUID 5

### DEOCHANNA MEISCIÚLA

17.—(1) San alt seo—

Cóid Cleachtais.

ciallaíonn “Acht 1986” Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1986;

folaíonn “cód cleachtais” cuid de chód cleachtais;

ciallaíonn “ceadúnas” ceadúnas chun deochanna meisciúla a dhíol cibé acu a dheonaítear é ar dheimhniú ón gCúirt Chuarda nó ón gCúirt Dúiche a thabhairt ar aird nó gan é a thabhairt ar aird;

ciallaíonn “ceadúnaí” sealbhóir ceadúnais;

ciallaíonn “áitreabh ceadúnaithe” áitreabh a bhfuil ceadúnas i bhfeidhm ina leith agus, i ndáil le ceadúnaí, ciallaíonn sé áitreabh ceadúnaithe an cheadúnaí;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

(2) Faoi réir *fho-alt* (3), feadfaidh an tAire—

(a) cód cleachtais a ullmhú agus a fhoilsiú, nó

(b) cód cleachtais arna tharraingt suas ag aon chomhlacht eile a cheadú,

chun caighdeáin a leagan síos maidir le deochanna meisciúla a thaispeáint, a dhíol, a sholáthar, a fhógairt, a chur chun cinn nó a mhargú agus féadfaidh feidhm a bheith ag an gcód sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) aicme nó aicmí dí meisciúla,

(ii) aicme nó aicmí áitribh cheadúnaithe, nó

(iii) cineál ceadúnais.

(3) Sula ndéanfaidh an tAire cód cleachtais a fhoilsiú nó a cheadú faoin alt seo—

- (a) féadfaidh an tAire dréacht den chód a chur ar fáil i cibé slí is cúí leis nó léi, agus cibé tréimhse a chinnfidh an tAire a cheadú do dhaoine, ar tréimhse í nach giorra ná 30 lá ón dáta a chuirfear an dréacht sin ar fáil, agus ar tréimhse í ar laistigh di a dhéanfar uirill i scríbhinn chuige nó chuici i ndáil leis an gcód cleachtais, agus
- (b) tar éis dó nó di na huirill (más ann) a fuarthas a bhreithniú, toileoidh sé nó sí le foilsíú nó le ceadú an chóid cleachtais, fara modhnuithe nó gan modhnuithe.

(4) I gcás ina bhfoilseoidh nó ina gceadóidh an tAire cód cleachtais faoin alt seo, cuirfidh sé nó sí faoi deara fógra sa chéill sin a fhoilsíú san *Iris Oifigiúil* agus sonrú san fhógra sin—

- (a) an aicme nó na haicmí dí meisciúla a ndéantar ina leith an cód a fhoilsíú nó a cheadú amhlaidh, de réir mar a bheidh,
- (b) an aicme nó na haicmí áitribh cheadúnaithe lena mbaineann an cód,
- (c) an cineál ceadúnais lena mbaineann an cód,
- (d) an dáta óna mbeidh éifeacht leis an gcód, agus
- (e) an áit ina bhféadfar féachaint ar chóip den chód nó cóip den chód a iniúchadh nó a cheannach.

(5) Faoi réir *fho-alt (6)* féadfaidh an tAire—

- (a) cód cleachtais a fhoilseofar faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm, nó
- (b) ceadú aon chóid cleachtais a cheadófar faoin alt seo a tharraingt siar.

(6) Beidh feidhm ag *fo-alt (3)*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le cód cleachtais a mbeartaíonn an tAire é a leasú nó a chúlghairm, nó a cheadú nó a ceadú ina leith a tharraingt siar, faoi *fho-alt (5)* mar atá feidhm ag *fo-alt (3)* maidir le cód cleachtais a bheartaíonn an tAire a fhoilsíú nó a cheadú faoin alt seo.

(7) I gcás ina ndéanfaidh an tAire cód cleachtais arna fhoilsíú nó arna cheadú faoin alt seo, a leasú nó a chúlghairm, nó a cheadú nó a ceadú ina leith a tharraingt siar, cuirfidh an tAire faoi deara fógra sa chéill sin a fhoilsíú san *Iris Oifigiúil* ar fógra é ina sonrú—

- (a) an cód lena mbaineann an leasú, an chúlghairm nó tarraingt siar an cheadaithe, de réir mar a bheidh agus, más infheidhme, sonraí maidir leis an leasú,
- (b) an aicme nó na haicmí dí meisciúla, an aicme nó na haicmí áitribh cheadúnaithe nó an cineál ceadúnais, ar ina leith a leasaítear nó a chúlghairtear an cód amhlaidh nó a tharraingítear siar ceadú, de réir mar a bheidh, agus
- (c) an dáta óna mbeidh éifeacht ag an leasú, ag an gcúlghairm nó ag tarraingt siar an cheadaithe.

(8) Aon doiciméad ar a mbeidh séala an Aire agus a airbheartóidh gur cód cleachtais é arna fhoilsíú nó arna cheadú faoin

alt seo nó, i gcás inar leasaíodh cód den sórt sin faoin alt seo, gurb é an cód é arna leasú amhlaidh, beidh sé inghlactha in aon imeachtaí i ndáil le ceadúnas a athnuachan faoi Acht 1986.

(9) Ní dhéanfaidh mainneachtain ag ceadúnaí aon fhoráil de chód cleachtais arna fhoilsiú nó arna cheadú faoin alt seo (lena n-áirítear cód den sórt sin arna leasú ó am go ham faoin alt seo) a urramú, as féin an ceadúnaí a chur faoi dhliteanas maidir le haon imeachtaí sibhialta nó coiriúla ach measfar gur ní í an mhainneachtain sin a bhaineann le dea-charachtar an cheadúnaí chun críocha athnuachan an cheadúnais i leith an áitribh cheadúnaithe lena mbaineann faoi Acht 1986.

(10) Le linn don Aire cód cleachtais a fhoilsiú nó a cheadú faoin alt seo, beidh aird aige nó aici ar an ngá atá ann an líon cásanna ró-ól dí meisciúla a laghdú agus, gan dochar do ghinearáltacht an ghá sin, beidh aird aige nó aici go háirithe ar na nithe seo a leanas—

- (a) an gá atá ann an baol bagartha ar an ord poiblí ag eascairt as ró-ól dí meisciúla a laghdú,
- (b) na priacail a bhaineann le sláinte agus a eascraíonn as ól alcóil go hiomarcach,
- (c) i gcás deoch mheisciúil dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2) a fhógairt, a chur chun cinn nó a mhargú cibé acu a bheartaítear nó nach mbeartaítear nó a mhéid a bheartaítear leis an bhfógairt, leis an gcur chun cinn nó leis an margú sin, nó cibé acu is dóigh nó nach dóigh, nó a mhéid is dóigh, don fhógairt, don chur chun cinn nó don mhargú sin, ól dí meisciúla go hiomarcach a spreagadh.

(11) Le linn aird a thabhairt ar na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt* (c), féadfaidh an tAire aird a thabhairt ar an meán a úsáidtear nó ar chineál na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfógairt sin, leis an gcur chun cinn sin, leis an margú sin, nó a ghabhann leis.

## CUID 6

### COMHIONANNAS

**18.**—Sa Chuid seo—

Mínithe (*Cuid 6*).

ciallaíonn “Acht 1998” an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998;

ciallaíonn “Acht 2000” an tAcht um Stádas Comhionann, 2000.

**19.**—Leasaítear alt 2 d’Acht 1998, i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “idirdhealú”:

Leasú ar alt 2 d’Acht 1998.

“folaíonn ‘idirdhealú’ treoir a eisiúint idirdhealú a dhéanamh, agus i gCuid V agus VI, folaíonn sé iompar toirmisce de réir bhrí an Achta um Stádas Comhionann, 2000, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;”.

**20.**—Leasaítear alt 5 d’Acht 1998 trí fho-alt (2) a scriosadh.

Leasú ar alt 5 d’Acht 1998.

Leasú ar alt 75  
d'Acht 1998.

**21.**—Leasaítear alt 75 d'Acht 1998—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4A):

“(4A) Féadfar daoine eile a bhfuil cáilíochtaí nó taithí iomchuí acu a cheapadh, le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun bheith ina n-oifigigh chomhionannais nó ina n-oifigigh idirghabhála comhionannais ar cibé téarmaí agus coinníollacha a cheadófar amhlaidh.”,

(b) i bhfo-alt (6), trí “tarmligean feidhme faoi fho-alt (4B)” a chur in ionad “tarmligean feidhme faoi fho-alt (4)”, agus

(c) i bhfo-alt (7), trí “faoi alt 77 nó 86, nó faoi alt 21 den Acht um Stádas Comhionann, 2000” a chur in ionad “faoi alt 77”.

Leasú ar alt 77  
d'Acht 1998.

**22.**—Leasaítear alt 77 d'Acht 1998, i bhfo-alt (12), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Tráth nach déanaí ná 42 lá ó dháta cinnidh ag an Stiúrthóir ar iarratas ó ghearánach ar an tréimhse ama a fhadú faoi fho-alt (5), féadfaidh an gearánach nó an freagróir achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gCúirt Oibreachais iar bhfógra don Stiúrthóir ina sonrú forais an achomhairc.”.

Leasú ar alt  
78(7)(b) d'Acht  
1998.

**23.**—Leasaítear alt 78(7)(b) d'Acht 1998 trí “42 lá” a chur in ionad “28 lá”.

Leasú ar alt 79  
d'Acht 1998.

**24.**—Leasaítear alt 79 d'Acht 1998—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Más rud é, maidir le cás a bheidh tarchurtha chuig an Stiúrthóir faoi alt 77—

(a) nach cás é a ndéileálfar leis trí idirghabháil faoi alt 78, nó

(b) gur cás é a ndéileálfar leis faoin alt seo de bhua alt 78(7),

déanfaidh an Stiúrthóir an cás a imscrúdú agus féadfaidh sé nó sí, mar chuid den imscrúdú agus más cuí leis an Stiúrthóir é, éisteacht a thabhairt do dhaoine ar dealraitheach don Stiúrthóir leas a bheith acu ann.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) I gcás go measann an Stiúrthóir gur féidir déileáil leis an gcás ar bhonn aighneachtaí scríofa amháin, cuirfidh an Stiúrthóir in iúl do na páirtithe i scríbhinn go bhfuil beartaithe aige nó aici déanamh amhlaidh.

- (b) Cuirfear in iúl do na páirtithe le fógra faoi mhír (a) go bhfuil an ceart acu uiríll a dhéanamh chuig an Stiúrthóir de réir mhír (c).
- (c) Aon duine a gheobhaidh fógra faoi mhír (a), féadfaidh sé nó sí, laistigh de 28 lá ón tráth a eisítear an fógra, uiríll a dhéanamh chuig an Stiúrthóir faoin gcúis nár cheart déileáil leis an gcás ar bhonn aighneachtaí scríofa amháin.
- (d) Más rud é go ndéantar, in uiríll arna ndéanamh de bhun mhír (c), agóid i gcoinne an Stiúrthóir do dhéileáil leis an ní ar bhonn aighneachtaí scríofa amháin, ní chinnfidh an Stiúrthóir an ní ar an modh sin.”
- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):
- “(5A) I gcúrsa imscrúdaithe faoin alt seo, féadfaidh an Stiúrthóir—
- (a) ponc dlí a eascróidh le linn an imscrúdaithe a tharchur chuig an Ard-Chúirt, agus
- (b) an t-imscrúdú a chur ar atráth (más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh) go dtí go mbeidh toradh ar an tarchur.”, agus
- (d) i bhfo-alt (6)(b), trí “faoi fho-alt (3) nó (3A)” a chur in ionad “faoi fho-alt (3)”.

**25.**—(1) Leasaítear alt 82 d’Acht 1998 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4): Leasú ar alt 82 d’Acht 1998.

“(4) Is é an méid uasta a fhéadfaidh an Stiúrthóir a ordú mar chúiteamh faoi fho-alt (1)(c) nó (1)(f)—

- (a) in aon chás ina raibh an gearánach ag fáil luach saothair ar dháta tarchurtha an cháis nó, má ba luaithe é, dáta an dífhostaithe, méid is comhionann leis an méid is mó de na méideanna seo a leanas—
- (i) 104 oiread mhéid an luach saothair sin, arna chinneadh ar bhonn seachtainiúil,
- (ii) 104 oiread an mhéid, arna chinneadh ar bhonn seachtainiúil, a bheadh faighte ag an ngearánach ar an dáta sin murach an gníomh idirdhealaithe nó íospartha lena mbaineann, nó
- (iii) €40,000,
- nó
- (b) in aon chás eile, €13,000.”.

(2) Tá feidhm ag fo-alt (1) maidir le héileamh faoi alt 77 (1) i gcás ina dtarlaíonn an gníomh nó an neamhghníomh is ábhar don éileamh tar éis d’fho-alt (1) teacht i ngníomh.

Leasú ar alt 83  
d'Acht 1998.**26.**—Leasaítear alt 83 d'Acht 1998, i bhfo-alt (5), trí “faoi alt 79(3) nó (3A)” a chur in ionad “faoi alt 79(3)”.Leasú ar alt 21  
d'Acht 2000.**27.**—Leasaítear alt 21 d'Acht 2000 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a) d'fho-alt (7A):

“(a) Tráth nach déanaí ná 42 lá ó dháta cinnidh ag an Stiúrthóir ar iarratas ó ghearánach ar an tréimhse ama a fhadú faoi fho-alt (3) nó (6), féadfaidh an gearánach nó an freagróir achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gCúirt Chuarda iar bhfógra don Stiúrthóir ina sonrú forais an achomhairc.”.

Leasú ar alt 25  
d'Acht 2000.**28.**—Leasaítear alt 25 d'Acht 2000—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Más rud é, maidir le cás a bheidh tarchurtha chuig an Stiúrthóir faoi alt 21—

(a) nach cás é a ndéileálfar leis trí idirghabháil faoi alt 24, nó

(b) gur cás é a ndéileálfar leis faoin alt seo de bhua alt 24(6),

déanfaidh an Stiúrthóir an cás a imscrúdú, agus féadfaidh sé nó sí, mar chuid den imscrúdú sin, agus más cuí leis an Stiúrthóir é, éisteacht a thabhairt do dhaoine ar dóigh leis an Stiúrthóir leas a bheith acu ann.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) I gcás go measann an Stiúrthóir gur féidir déileáil leis an gcás ar bhonn aighneachtaí scríofa amháin, cuirfidh an Stiúrthóir in iúl do na páirtithe i scríbhinn go bhfuil beartaithe aige nó aici déanamh amhlaidh.

(b) Cuirfear in iúl do na páirtithe le fógra faoi mhír (a) go bhfuil an ceart acu uirill a dhéanamh chuig an Stiúrthóir de réir mhír (c).

(c) Aon duine a gheobhaidh fógra faoi mhír (a), féadfaidh sé nó sí, laistigh de 28 lá ón tráth a eisítear an fógra, uirill a dhéanamh chuig an Stiúrthóir faoin gcúis nár cheart déileáil leis an gcás ar bhonn aighneachtaí scríofa amháin.

(d) Más rud é go ndéantar, in uirill arna ndéanamh de bhun mhír (c), agóid i gcoinne an Stiúrthóir do dhéileáil leis an ní ar bhonn aighneachtaí scríofa amháin, ní chinnfidh an Stiúrthóir an ní ar an modh sin.”.



**29.**—Leasaítear alt 39 d’Acht 2000 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) sa leagan Béarla; Leasú ar alt 39 d’Acht 2000.

“(b) to promote equality of opportunity in relation to the matters to which this Act applies; and”.

## CUID 7

### FÉIMHEACHT

**30.**—Leasaítear an tAcht Féimheachta, 1988—

Leasú ar an Acht Féimheachta, 1988.

(a) in alt 11, trí “laistigh de 3 bliana” a chur in ionad “laistigh de bhliain” i bhfo-alt (1)(d),

(b) tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 18:

“Na Coimisinéirí Ioncaim do thabhairt faisnéis áirithe don Sannaí Oifigiúil.

18A.—(1) I gcás inar breithníodh duine ina fhéimheach nó ina féimheach, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás ina n-iarrfaidh an Sannaí Oifigiúil orthu déanamh amhlaidh, cibé faisnéis a thabhairt don Sannaí Oifigiúil a iarradh agus a bheidh ina seilbh acu i ndáil le haon trádáil nó gairm a sheoladh nó i ndáil le haon ní a gceanglaítear tuairisceán a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim ina leith, agus a bhfuil nó a raibh an féimheach ina pháirtí nó ina páirtí inti nó ann.

(2) Maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le tabhairt faoi fho-alt (1), tabharfar í freisin d’iontaobhaí i bhféimheacht seachas an Sannaí Oifigiúil arna cheapadh nó arna ceapadh faoi Chuid V.”.

(c) in alt 57, trí “i gcás go mbreithneofar an duine a dhéanann, a thabhaíonn, a thionscnaíonn nó a fhulaingíonn an céanna ina fhéimheach nó ina féimheach laistigh de bhliain amháin tar éis dháta déanta, tabhaithe, tionscanta nó fulaingthe an chéanna,” a chur isteach i bhfo-alt (1) in ionad “i gcás go mbreithneofar an duine a dhéanann, a thabhaíonn, a thionscnaíonn nó a fhulaingíonn an céanna ina fhéimheach laistigh de shé mhí tar éis dáta déanta, tabhaithe, tionscanta nó fulaingthe an chéanna,”

(d) in alt 58, trí “laistigh de bhliain amháin” a chur in ionad “laistigh de thrí mhí” i bhfo-alt (1),

(e) in alt 61(3)(h) (arna leasú le halt 34 d’Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002) trí “€12,000” a chur in ionad “€7,000”,

(f) in alt 75, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I gcás ús nó aon chomaoin airgid in ionad úis a bheith forchoimeáda, nó i gcás comhaontú a bheith déanta maidir leis ar fhiach atá thar téarma ar dháta an bhreithnithe nó an ordaithe cosanta, beidh an creidiúnai i

dteideal a fhiach nó a fiach a chruthú nó go nglacfar leis nó léi mar chreidiúnaí faoi chomhair an úis nó na comaoine sin suas go dtí dáta an bhreithnithe nó an ordaithe cosanta.”,

agus

(g) tríd an méid seo a leanas a chur ionad alt 85:

Urscaoileadh  
agus  
neamhniú.

85.—(1) Maidir le gach féimheacht, ar chothrom 12 bhliain an dáta a rinneadh an t-ordú breithnithe maidir leis an bhféimheacht sin, mura mbeidh an fhéimheacht urscaoilte nó neamhneithe roimh an dáta sin, beidh sí arna hurscaoileadh.

(2) I gcás féimheacht a bheith urscaoilte de bhua fho-alt (1), maidir le haon mhaoin de chuid an fhéimhigh a bheidh dílsithe fós don Sannaí Oifigiúil, tar éis socrú a dhéanamh go n-íocfar—

(a) caiteachais, táillí, agus costais na féimheachta, agus

(b) íocaíochtaí tosaíochta,

tabharfar ar ais don fhéimheach í agus measfar an mhaoin sin a bheith athdhílsithe dó ar agus ón dáta a bheidh an fhéimheacht arna hurscaoileadh.

(3) Beidh féimheach i dteideal ordú a fháil á urscaoileadh ó fhéimheacht i gcás ina mbeidh socrú déanta go n-íocfar caiteachais, táillí, agus costais na féimheachta, agus na híocaíochtaí tosaíochta, agus

(a) go mbeidh aon euro amháin san euro íoctha aige mar aon le cibé ús a cheadóidh an Chúirt, nó

(b) go mbeidh toiliú i scríbhinn faighte aige ó na creidiúnaithe go léir dá chuid a mbeidh a bhfiacha cruthaithe agus admhaithe san féimheacht, nó

(c) go mbeidh feidhm ag alt 41 (ordú breithnithe a urscaoileadh).

(4) Is ionann creidiúnaí do thabhairt toiliú faoi fho-alt (3) agus an creidiúnaí sin do tharscaoileadh an chirt chun an méid lena mbaineann agus a chruthaíodh agus a admháíodh san fhéimheachta a ghnóthú.

(5) Beidh féimheach a bhfuil a eastát réadaithe go hiomlán, i dtuairim na Cúirte, i dteideal ordú a fháil á urscaoileadh ó

fhéimheacht, i gcás go mbeidh socrú déanta go n-íofar caiteachais, táillí agus costais na féimheachta, agus na híocaíochtaí tosaíochta, agus—

- (a) go bhfuil 50 cent nó níos mó san euro faighte ag a chreidiúnaithe, nó
- (b) gur íoc sé, nó gur íoc a chairde, lena chreidiúnaithe cibé suimeanna breise, a dhéanfaidh, i dteannta na díbhinne a bheidh íoctha, 50 cent sa euro.

(6) I gcás féimheacht a bheith ar marthain ar feadh 5 bliana ar a laghad, féadfaidh féimheach iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar ordú á urscaoileadh ó fhéimheacht i gcás go mbeidh socrú déanta go n-íofar caiteachais, táillí agus costais na féimheachta, agus na híocaíochtaí tosaíochta, agus i gcás gur deimhin leis an gCúirt—

- (a) go bhfuil eastát an fhéimhigh réadaithe go hiomlán,
- (b) gur nochtadh gach maoin iarfhaighte, agus
- (c) go bhfuil sé réasúnach agus cuí an t-iarratas a dheonú,

déanfaidh an Chúirt ordú lena n-urscaoiltear an fhéimheacht.

(7) I gcás ina mbeidh féimheacht urscaoilte de bhun fho-alt (6) agus go bhfuil dóthain airgid fós ann chun díbhinn a íoc le creidiúnaithe an fhéimhigh, leanfaidh an t-airgead sin de bheith dílsithe don Sannaí Oifigiúil chun sochair na gcreidiúnaithe sin.

(8) Beidh duine i dteideal go ndéanfar a bhreithniú a neamhniú—

- (a) i gcás go suífidh sé cúis, de réir alt 16, nó
- (b) in aon chás eile, nuair nár chóir, i dtuairim na Cúirte, é a bhreithniú ina fhéimheach.

(9) Faoi réir fho-alt (7), beidh foráil in ordú urscaoilte nó neamhniithe go ndéanfar aon mhaoin de chuid an fhéimhigh a bheidh an tráth sin dílsithe don Sannaí Oifigiúil a athdhílsiú don fhéimheach nó a thabhairt ar ais dó agus measfar chun gach críche gurb é a bheidh san ordú sin tíolacas, sannadh

nó aistriú na maoinne sin chun an fhéimhigh agus, i gcás gur cuí é, féadfar é a chláru dá réir sin.

(10) Aon duine a mbeidh a fhéimheacht urscaoilte nó neamhnithe, féadfaidh sé ar iarratas a dhéanamh deimhniú urscaoilte nó neamhnithe, de réir mar a bheidh, faoi shéala na Cúirte a fháil.

(11) San alt seo, folaíonn “féimheach” ionadaithe agus sannaithe pearsanta.”.

## CUID 8

### LEASÚ AR AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COTHABHÁIL CÉILÍ AGUS LEANAÍ), 1976

Leasú ar an Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976.

**31.**—Leasaítear an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976 trí na hailt nua seo a leanas a chur isteach, i ndiaidh alt 9, ach i gCuid III:

“Is díspeagadh cúirte mainneachtain íocaíochtaí a dhéanamh.

9A.—(1) Faoi réir an ailt seo, is díspeagadh cúirte d’fhéichiúnaí cothabhála mainneachtain íocaíocht a dhéanamh a bheidh dlite faoi réamh-ordú.

(2) Maidir le díspeagadh cúirte a eascróidh de bhun an ailt seo, beidh ag breitheamh den Chúirt Dúiche, faoi réir an ailt seo, cibé cumhachtaí, lena n-áirítear an chumhacht chun smachtbhanna a fhorchur, is infheidhmithe ag breitheamh den Ard-Chúirt i ndáil le díspeagadh cúirte in imeachtaí os comhair na hArd-Chúirte.

(3) Más rud é nach mbeidh íocaíocht faoi réamh-ordú arna dhéanamh ag an gCúirt Dúiche déanta, féadfaidh an creidiúnaí cothabhála iarratas a dhéanamh chuig cléireach na Cúirte Dúiche lena mbaineann chun toghairm a eisiúint á ordú don fhéichiúnaí cothabhála láithriú os comhair na Cúirte Dúiche.

(4) Maidir le toghairm dá dtagraítear i bhfo-alt (3)—

(a) eiseoidh cléireach na Cúirte Dúiche lena mbaineann í,

(b) beidh inti ráiteas gur díspeagadh cúirte mainneachtain íocaíocht a dhéanamh de réir an ordaithe lena mbaineann, agus ag tabhairt mionsonraí i dtaobh iarmhairtí cinnidh cúirte go ndearnadh díspeagadh cúirte, lena n-áirítear go háirithe, gur féidir príosúnacht a ghearradh,

- (c) déarf ar inti gur féidir an féichiúnaí cothabhála a ghabháil má mhainníonn sé nó sí láithriú os comhair na Cúirte Dúiche mar a ordaíodh sa toghairm, agus
- (d) seirbheálfar í ar an bhféichiúnaí cothabhála go pearsanta, nó ar cibé slí eile a údaróidh breitheamh den Chúirt Dúiche.

(5) Má mhainníonn an féichiúnaí cothabhála, gan leithscéal réasúnach, láithriú os comhair na cúirte de réir na toghairme, déanfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche, ar iarratas ón gcreidiúnaí cothabhála, más deimhin leis nó léi gur seirbheáladh an toghairm ar an bhféichiúnaí, barántas a eisiúint chun an féichiúnaí cothabhála a ghabháil.

(6) Déanfar féichiúnaí cothabhála a ghabhfar de bhun barántais arna eisiúint faoi fho-alt (5), a thabhairt, a luaithe is indéanta, os comhair na Cúirte Dúiche.

(7) I gcás go ndéanfar féichiúnaí cothabhála a ghabháil agus a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche faoi fho-alt (6), socróidh an breitheamh dáta nua chun an toghairm a éisteacht, agus ordóidh sé nó sí go ndéanfaidh an Chúirt Dúiche an dáta a bheidh socraithe amhlaidh a chur in iúl don chreidiúnaí trí fhógra i scríbhinn, agus míneoidh sé nó sí don fhéichiúnaí i ngnáthchaint—

- (a) go gceanglaítear air nó uirthi freastal os comhair na cúirte ar an gcéad dáta eile a bheidh socraithe chun an toghairm a éisteacht,
- (b) go bhféadfadh sé gur díspeagadh cúirte ann féin mainneachtain freastal, agus iarmhairtí an díspeagtha sin, lena n-áirítear go háirithe gur féidir príosúnacht a ghearradh, agus maidir leis an díspeagadh sin agus leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh leanúint as gur iarmhairtí iad sa bhreis ar na hiarmhairtí a eascraíonn mar gheall ar mhainneachtain íocaíocht a dhéanamh faoin réamhordú, agus
- (c) go bhfuil sé nó sí i dteideal iarratas ar chomhairle dlí agus ar chúnamh dlíthiúil a dhéanamh faoin Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.

(8) Ag éisteacht na toghairme, sula ndéanfaidh an breitheamh fianaise ó aon pháirtí a éisteacht, míneoidh sé nó sí don fhéichiúnaí i ngnáthchaint—

- (a) na hiarmhairtí, agus go háirithe gur féidir príosúnacht a ghearradh, a

d'fhéadfadh leanúint as mainneachtain íocaíocht a dhéanamh de réir réamh-ordú, agus

- (b) mura mbeidh sé curtha in iúl don fhéichiúnaí cothabhála faoi fho-alt (7), go bhfuil sé nó sí i dteideal iarratas ar chomhairle dlí agus ar chúnamh dlíthiúil a dhéanamh faoin Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.

(9) Ar an toghairm a éisteacht, tar éis na mínithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a thabhairt don fhéichiúnaí cothabhála, tar éis deis a thabhairt don fhéichiúnaí cothabhála iarratas ar chomhairle dlí agus ar chúnamh dlíthiúil a dhéanamh agus tar éis cibé fianaise a bheidh tugtha ar aird ag an gcreidiúnaí cothabhála agus ag an bhféichiúnaí cothabhála a éisteacht, más deimhin leis an mbreitheamh nach ndearnadh an íocaíocht lena mbaineann, agus—

- (a) gurb é ba shiocair leis an mainneachtain an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh—

- (i) éagumas an fhéichiúnaí cothabhála an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh mar gheall ar athrú ar a imthosca airgeadais nó ar a himthosca airgeadais a tharla ón tráth deireanach a rinneadh an réamh-ordú nó ordú ag athrú an ordaithe sin (cibé acu is déanaí), nó

- (ii) cúis éigin eile nach bhfuil inchurtha i leith aon ghnímh nó neamhghnímh de chuid an fhéichiúnaí cothabhála,

féadfaidh an breitheamh, má chreideann sé nó sí go bhfeabhsófaí an dóchúlacht go ndéanfaí an íocaíocht lena mbaineann laistigh de thréimhse réasúnach, dá ndéanfaí amhlaidh, an éisteacht a chur ar atráth—

- (I) chun a chumasú an íocaíocht neamhíoctha a dhéanamh, nó

- (II) chun a chumasú iarratas a dhéanamh ar ordú astaithe tuillimh faoi alt 10,

- (b) gurb é ba shiocair leis an mainneachtain an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh, éagumas an fhéichiúnaí cothabhála an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh, mar gheall ar athrú ar a imthosca airgeadais nó ar a himthosca airgeadais a tharlú ón tráth

deireanach a rinneadh an réamh-ordú nó ordú ag athrú an ordaithe sin (cibé acu is déanaí), féadfaidh an breitheamh, i gcás gurbh í an Chúirt Dúiche a rinne an réamh-ordú, déileáil leis an éisteacht mar iarratas ar an réamh-ordú a athrú, agus tar éis fianaise maidir le himthosca airgeadais an fhéichiúnaí cothabhála agus an chreidiúnaí cothabhála araon éisteacht, féadfaidh an breitheamh ordú a dhéanamh ag athrú an réamh-ordaithe.

(10) Más rud é, ar an toghairm a éisteacht, tar éis na mínte dá dtagraítear i bhfo-alt (8) a thabhairt don fhéichiúnaí cothabhála, tar éis deis a thabhairt don fhéichiúnaí cothabhála iarratas ar chomhairle dlí agus ar chúnamh dlíthiúil a dhéanamh, agus tar éis cibé fianaise a bheidh tugtha ar aird ag an gcreidiúnaí cothabhála agus ag an bhféichiúnaí cothabhála a éisteacht, gur deimhin leis an mbreitheamh nach ndearnadh an íocaíocht lena mbaineann, agus nárbh é ba shiocair leis an mainneachtain an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh—

(a) éagumas an fhéichiúnaí cothabhála ar an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh mar gheall ar athrú ar a imthosca airgeadais nó ar a himthosca airgeadais a tharlú ón tráth deireanach a rinneadh an réamh-ordú, nó ordú ag athrú an ordaithe sin (cibé acu is déanaí), nó

(b) cúis éigin eile nach bhfuil inchurtha i leith aon ghnímh nó neamhghnímh de chuid an fhéichiúnaí cothabhála,

féadfaidh an breitheamh déileáil leis an mainneachtain ag an bhféichiúnaí cothabhála an íocaíocht lena mbaineann a dhéanamh mar dhíspeagadh cúirte agus féadfaidh an breitheamh déileáil leis an ní dá réir sin.

(11) I gcás nach bhfreastalaíonn féichiúnaí cothabhála lena mbaineann fo-alt (7) i gcúirt an dáta a shocraítear chun an toghairm a éisteacht, féadfaidh an breitheamh déileáil leis an mainneachtain sin freastal i gcúirt mar dhíspeagadh cúirte, agus féadfaidh an breitheamh déileáil leis an ní dá réir sin.

(12) San alt seo ciallaíonn ‘imthosca airgeadais’, i ndáil le duine—

(a) méid ioncaim bhliantúil an duine,

(b) luach comhiomlán na maoine uile (réadúil agus pearsanta) ar leis an duine í,

- (c) comhiomlán dhliteanais uile an duine lena n-áirítear aon dualgas (morálta nó dlíthiúil) foráil airgeadais a dhéanamh do chomhaltaí a theaghlaigh nó a teaghlaigh nó do dhaoine eile,
- (d) comhiomlán an airgid uile a bheidh dlite don duine, na dátaí a thioctaidh sé chun bheith iníoctha agus an dóchúlacht go n-íocfar é, agus
- (e) cibé imthosca eile is cuí leis an gcúirt.

(13) Ní bheidh feidhm ag an alt seo mura rud é go ndearna an Chúirt Dúiche iarbhír an réamh-ordú lena mbaineann.

Deimhniú  
íocaíochtaí  
neamhíoctha.

9B.—Más rud é, de bhun alt 9, go ndearna cúirt ordú cothabhála, ordú athraithe nó ordú eatramhach agus gur ordaigh sí go ndéanfaí íocaíochtaí faoin ordú le cléireach na Cúirte Dúiche, in aon imeachtaí faoin Acht seo nó faoi na hAchtanna um Fheidhmiú Orduithe Cúirte, 1926 go 2009, beidh deimhniú a airbheartóidh a bheith sínithe ag cléireach na Cúirte Dúiche iomchuí maidir leis an méid airgid a bheidh le haisíoc ar scór an ordaithe sin, go dtí go suífear a mhalairt, ina fhianaise ar na nithe a luaitear sa deimhniú.”.

## CUID 9

### CRÓINÉIRÍ

Leasú ar an Acht  
Cróinéirí, 1962.

#### 32.—Leasaítear an tAcht Cróinéirí, 1962—

(a) tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 6:

“Ceantar  
cróinéara  
Bhaile Átha  
Cliath.

6A.—(1) Déanfar ceantair chróinéirí chontae Bhaile Átha Cliath agus chathair Bhaile Átha Cliath a bhí ar marthain díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo a chónascadh, amhail agus ar theacht i ngníomh don alt seo, i gceantar amháin agus tabharfar ceantar cróinéara Bhaile Átha Cliath air.

(2) Ar theacht i ngníomh don alt seo, scoirfidh alt 6 d’fheidhm a bheith aige maidir le ceantar cróinéara Bhaile Átha Cliath.

(3) Na daoine a shealbhaigh, díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo, na hoifigí cróinéara agus leas-chróinéara sna ceantair dá dtagraítear i bhfo-alt (1), sealbhóidh siad, ón lá sin, na hoifigí sin faoi seach i gceantar cróinéara Bhaile Átha Cliath.



(4) D'ainneoin fhorálacha fho-alt (1), leanfaidh na socrúithe airgeadais dá dtagraítear in alt 23(4) den Acht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1993 de bheith ag oibriú go dtí go sonródh an tAire socrúithe de bhun fho-alt (5).

(5) Féadfaidh an tAire socrúithe riaracháin a shonrú i leith cheantar cróinéara Bhaile Átha Cliath agus oibreoidh na húdaráis áitiúla lena mbaineann siad na socrúithe sin.

(6) I gcás go dtarlóidh folúntas i leith cheantar cróinéara Bhaile Átha Cliath, déanfaidh an tAire socrúithe chun an folúntas a líonadh.

(7) I gcás go mbeidh níos mó ná duine amháin arna cheapadh nó arna ceapadh go cuí chun bheith ina chróinéir nó ina cróinéir i leith cheantar cróinéara Bhaile Átha Cliath, ainmneoidh an tAire duine amháin de na daoine sin chun bheith ina chróinéir sinsearach nó ina chróinéir sinsearach don cheantar sin, ach ní dhéanfaidh aon ainmniú den sórt sin difear do neamhspleáchas aon chróinéara eile den cheantar le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar chróinéir a chomhlíonadh.

(8) Déanfaidh an duine a bheidh ainmnithe faoi fho-alt (7) chun bheith ina chróinéir sinsearach nó ina chróinéir sinsearach i leith cheantar cróinéara Bhaile Átha Cliath obair an cheantair sin a ordú.”

(b) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 7:

“Ceantair a chónascadh.

7.—(1) I gcás ina n-éireoidh folúntas in oifig cróinéara i leith ceantair cróinéara, agus go mbeidh an ceantar sin laistigh de limistéar údaráis áitiúil ina bhfuil is mó ná ceantar cróinéara amháin, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás áitiúil lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh cróinéir a bheidh i seilbh oifige i leith ceantair cróinéara eile i limistéar an údaráis áitiúil sin oifig a shealbhú mar chróinéir i leith an cheantair inar éirigh an folúntas, agus ar theacht in éifeacht don ordú ón Aire, beidh na ceantair chróinéara arna gcónascadh.

(2) Ní eiseoidh an tAire ordachán faoi fho-alt (1) mura dtoileoidh an cróinéir lena mbaineann gníomhú mar chróinéir i leith an cheantair chónasctha.”

(c) in alt 8 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Faoi réir alt 7 agus fho-alt (2A), is é an t-údarás áitiúil ar ina limistéar atá ceantar cróinéara suite a cheapfaidh an cróinéir don cheantar.

(2A) Ceapfaidh an tAire an cróinéir do cheantar cróinéara Bhaile Átha Cliath.”

- (d) in alt 11 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag cróinéir éirí as nó go bhfágfaidh sé nó sí an oifig ar 70 bliain d’aois a shlánú, tabharfaidh sé nó sí fógra nach giorra ná trí mhí i dtaobh é a bheith beartaithe aige nó aici éirí as nó i dtaobh aois 70 bliain a shlánú.”

- (e) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 11:

“Cróinéir  
sealadach.

11A.—(1) Aon duine atá ceaptha ina chróinéir nó ina cróinéir nó ina leas-chróinéir i leith ceantair cróinéara, féadfaidh an tAire, le toiliú an duine sin, é nó í a shannadh chun gníomhú go sealadach mar chróinéir i leith ceantair cróinéara eile ina bhfuil an cróinéir atá ceaptha don cheantar eile seo as láthair go sealadach, nó oifig an chróinéara ina leith folamh.

(2) Aon duine a shannfar chun gníomhú mar chróinéir sealadach faoi fho-alt (1), beidh aige nó aici, ar é nó í a shannadh amhlaidh, cumhachtaí uile cróinéara i ndáil leis an gceantar cróinéara lena mbaineann.

(3) Féadfaidh an tAire sannadh arna dhéanamh faoi fho-alt (1) a chúlghairm tráth ar bith.

(4) Ní bheidh feidhm ag alt 7 i gcás duine a cheapadh chun gníomhú go sealadach mar chróinéir faoin alt seo.”

- (f) in alt 13—

- (i) trí “Faoi réir fho-alt (1A), ceapfaidh gach cróinéir” a chur in ionad “Ceapfaidh gach cróinéir” i bhfo-alt (1),

- (ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní cheapfar duine ina leas-chróinéir gan cead roimh ré ón Aire.”, agus

- (iii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

“(9) I gcás go bhfuil beartaithe ag leas-chróinéir éirí as, nó go bhfágfaidh sé nó sí an oifig ar 70 bliain d’aois a shlánú, tabharfaidh sé nó sí fógra nach giorra ná 3 mhí i dtaobh é a bheith beartaithe aige nó aici éirí as nó i dtaobh aois 70 bliain a shlánú don

chróinéir don cheantar cróinéara lena mbaineann agus don Aire.”,

agus

(g) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 14:

“Cáilíocht le haghaidh ceapacháin mar chróinéir nó leas-chróinéir.

14.—(1) Ní cheapfar duine mar chróinéir nó mar leas-chróinéir faoin Acht seo mura rud é—

- (a) gur abhcóide é nó í a bhí ag cleachtadh mar abhcóide ar feadh tréimhse nach giorra ná 5 bliana,
- (b) gur aturnae é nó í a bhí ag cleachtadh mar aturnae ar feadh tréimhse nach giorra ná 5 bliana, nó
- (c) gur lia-chleachtóir cláraithe é nó í a bhí ag cleachtadh mar lia-chleachtóir ar feadh tréimhse nach giorra ná 5 bliana.

(2) Chun críocha fho-alt (1), le linn an tréimhse ama a bhí duine ag cleachtadh mar abhcóide a áireamh, déanfar aon tréimhse a raibh an duine sin ag cleachtadh mar aturnae lena linn a chur i gcuntas.

(3) Chun críocha fho-alt (1), le linn an tréimhse ama a bhí duine ag cleachtadh mar aturnae a áireamh, déanfar aon tréimhse a raibh an duine sin ag cleachtadh mar abhcóide a chur i gcuntas.

(4) Chun críocha fho-alt (1), i gcás ina raibh duine ar aturnae nó abhcóide é nó í ag fónamh i bpost—

- (a) mar oifigeach i státseirbhís an Stáit,
- (b) mar oifigeach i státseirbhís an Rialtais, nó
- (c) mar chomhalta d’fhoireann comhlachta arna bhunú le reacht nó faoi nó mar oifigeach de chuid an chéanna,

agus inar choinníoll cáilitheachta é chun ceapacháin chuig an bpost sin go mbeadh an duine curtha ar an rolla mar aturnae sa Stát nó glaoite chun Barra na hÉireann, déanfar seirbhís sa phost sin a áireamh mar chleachtadh mar aturnae nó abhcóide, de réir mar a bheidh.

(5) I gcás ina mbeidh duine ceaptha mar chróinéir nó leas-chróinéir, ní dhéanfaidh sé difear do theideal an duine sin leanúint in oifig mar chróinéir nó leas-chróinéir an duine sin do scor de bheith ag cleachtadh mar abhcóide, aturnae nó lia-chleachtóir cláraithe.

(6) Níl feidhm ag fo-alt (5) más rud é gur scoir an duine lena mbaineann de bheith ag cleachtadh—

- (a) i gcás abhcóide, mar gheall ar é nó í a dhíbharrú,
- (b) i gcás aturnae, mar gheall ar a ainm nó a hainm a bhaint de rolla na n-atornaetha, nó
- (c) i gcás lia-chleachtóra, mar gheall ar a chlárú nó a clárú i gClár na Lia-Chleachtóirí a chealú nó a fhionraí faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007,

ar shlí seachas ar iarraidh ón duine lena mbaineann.

(7) Chun cáilitheacht le haghaidh ceapacháin mar bhreitheamh in aon chúirt arna bunú le hAcht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961 a chinneadh—

- (a) i gcás duine is abhcóide agus nach measfaí, murach an fo-alt seo, é nó í a bheith ag cleachtadh mar abhcóide maidir le tréimhse áirithe, déanfar seirbhís mar chróinéir ar feadh na tréimhse sin a áireamh mar chleachtadh mar abhcóide,
- (b) i gcás duine is aturnae agus nach measfaí, murach an fo-alt seo, é nó í a bheith ag cleachtadh mar aturnae maidir le tréimhse áirithe, déanfar seirbhís mar chróinéir ar feadh na tréimhse sin a áireamh mar chleachtadh mar aturnae.

(8) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (7) más rud é—

- (a) i gcás abhcóide, go ndearnadh an duine sin a dhíbharrú,
- (b) i gcás aturnae, gur baineadh an duine sin de rolla na n-atornaetha,

ar shlí seachas ar iarraidh ón duine lena mbaineann.”.

CUID 10

LEASÚ AR ACHT NÁISIÚNTACHTA AGUS SAORÁNACHTA ÉIREANN, 1956

**33.**—Leasaítear Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956—

Leasú ar Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956.

(a) in alt 2, tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn “páirtneír sibhialta” páirtneír sibhialta de réir bhrí alt 3 den Acht um Páirtneireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;”.

(b) in alt 15 (arna leasú le halt 8 d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004)—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1)(e):

“(e) go ndearna sé nó sí, os comhair Breithimh den Chúirt Dúiche i gcúirt oscailte, le linn searmanais saoránachta nó i cibé slí a cheadóidh an tAire ar chúiseanna speisialta—

(i) dearbhú sa tslí fhorordaithe go mbeidh sé nó sí dílis don náisiún agus tairiseach don Stát, agus

(ii) geallúint a thabhairt dlíthe an Stáit a chomhlíonadh go dílis agus a luachanna daonlathacha a urramú.”.

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3) (a cuireadh isteach le halt 8 d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004):

“(4) San alt seo agus in alt 15A, ciallaíonn ‘searmanas saoránachta’ searmanas, a sheoltar os comhair breithimh, nó os comhair breithimh scortha, den Chúirt Dúiche, den Chúirt Chuarda, den Ard-Chúirt nó den Chúirt Uachtarach, nó os comhair cibé duine eile a bheidh ainmnithe chun na críche sin ag an Aire, ag áit agus i bhfoirm a cheadaíonn an tAire, agus a mbeidh lena linn an dearbhú agus an gheallúint dá dtagraítear i bhfo-alt (e) nó in alt 15A(1)(h) déanta ag an iarratasóir.”.

(c) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 15A (a cuireadh isteach le halt 9 d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004):

“15A.—(1) D’ainneoin fhorálacha alt 15, féadfaidh an tAire, dá lánrogha féin, iarratas ar dheimhniú eadóirseachta a dheonú do chéile, nó do pháirtneír

sibhialta neamhnáisiúnach saoránaigh Éireannaigh, más deimhin leis nó léi maidir leis an iarratasóir—

- (a) go bhfuil aois iomlán aige nó aici,
- (b) gur duine dea-charachtair é nó í,
- (c) agus maidir leis an saoránach sin—
  - (i) go bhfuil siad pósta lena chéile, go bhfuil siad pósta lena chéile ar feadh tréimhse nach giorra ná 3 bliana, agus go bhfuil siad ina gcónaí le chéile, mar a fhianaítear le mionnscribhinn a chuir an saoránach faoi bhráid an Aire san fhoirm fhorordaithe, nó
  - (ii) gur páirtnéirí sibhialta dá chéile iad, gur pháirtnéirí sibhialta dá chéile iad ar feadh tréimhse nach giorra ná 3 bliana, agus go bhfuil siad ina gcónaí le chéile, mar a fhianaítear le mionnscribhinn a chuir an saoránach faoi bhráid an Aire san fhoirm fhorordaithe,
- (d) go bhfuil sé nó sí, i gcás céile, i bpósadh a aithnítear faoi dhlíthe an Stáit mar phósadh atá ar marthain,
- (e) gur chónaigh sé nó sí go leanúnach ar feadh tréimhse bliana in oileán na hÉireann díreach roimh dháta an iarratais,
- (f) go raibh 2 bhliain san iomlán caite aige nó aici ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann i rith na 4 bliana díreach roimh an tréimhse sin,
- (g) go bhfuil sé ar intinn aige nó aici, de mheon macánta, leanúint de bheith ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann tar éis a eadóirsithe nó a headóirsithe, agus
- (h) go ndearna sé nó sí, os comhair breithimh den Chúirt Dúiche i gcúirt oscailte, i searmanas saoránachta, nó i cibé slí a cheadóidh an tAire ar chúiseanna speisialta—
  - (i) dearbhú sa tslí fhorordaithe go mbeidh sé nó sí dílis don náisiún agus tairiseach don Stát, agus
  - (ii) geallúint a thabhairt dlíthe an Stáit a chomhlíonadh go dílis agus a luachanna daonlathacha a urramú.

(2) Féadfaidh an tAire, dá lánrogha féin, na coinníollacha i mír (c), (e), (f) nó (g) d'fho-alt (1) nó aon cheann díobh a tharscaoileadh más deimhin leis nó léi go bhfulaingeach an t-iarratasóir iarmhairtí tromchúiseacha i leith a iomláine nó a hiomláine coirp nó i leith a shaoirse nó a saoirse mura ndeonófaí saoránacht Éireann dó nó di.

(3) Ní bheidh feidhm ag mír (g) d’fho-alt (1) maidir le hiarratasóir ar dheimhniú eadóirsithe lena mbaineann fo-alt (4).

(4) Aon tréimhse chónaithe lasmuigh d’oileán na hÉireann—

(a) a raibh lena linn an t-iarratasóir ar dheimhniú eadóirsithe lena mbaineann an t-alt—

(i) pósta agus ag cónaí lena chéile nó lena céile, nó

(ii) i bpáirtnéireacht sibhialta agus ag cónaí lena pháirtneir nó lena páirtneir sibhialta,

agus

(b) a raibh lena linn céile, nó de réir mar a bheidh, páirtneir sibhialta, an iarratasóra sa tseirbhís phoiblí,

déanfar í a áireamh mar thréimhse chónaithe in oileán na hÉireann chun—

(i) cónaí leanúnach faoi mhír (e) d’fho-alt (1) a ríomh, nó

(ii) cónaí iomlán faoi mhír (f) den fho-alt sin a ríomh.”,

(d) in alt 16 (arna leasú le halt 10 d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004)—

(i) i bhfo-alt (2)(a), trí “go bhfuil gaol fola, cleamhnais nó uchtála aige nó aici le duine, nó ar pháirtneir sibhialta é nó í le duine, is saoránach Éireannach” a chur in ionad “go bhfuil gaol fola, cleamhnais nó uchtála aige nó aici le duine is saoránach Éireannach”, agus

(ii) i bhfo-alt (2)(b), trí “go raibh gaol fola, cleamhnais nó uchtála aige nó aici le duine, nó ar pháirtneir sibhialta é nó í le duine, atá éagtha” a chur in ionad “go raibh gaol fola, cleamhnais nó uchtála aige nó aici le duine atá éagtha”,

(e) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 17 (arna leasú le halt 12 d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004):

“17.—Aon iarratas a dhéanfar ar dheimhniú eadóirsithe—

(a) beidh sé san fhoirm fhorordaithe, agus

(b) beidh ina theannta—

(i) cibé táille (más ann) a bheidh forordaithe, agus

(ii) cibé fianaise (lena n-áirítear dearbhuithe reachtúla) a iarrfaidh an tAire mar dheimhniú ar an iarratas.”,

(f) in alt 19(1)(e) trí “aon ghníomh saorálach, seachas pósadh nó dul isteach i bpáirtnéireacht sibhialta” a chur in ionad “aon ghníomh saorálach seachas pósadh”,

(g) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 20:

“Duine atá pósta nó is páirtnéir sibhialta d’fháil saoránachta. 20.—Má fhaigheann duine saoránacht Éireann ní dhéanfaidh sin ann féin saoránacht Éireann a bhronnadh ar chéile nó ar pháirtnéir sibhialta an duine sin.”,

(h) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 22:

“Gan bás nó cailliúint saoránachta do dhéanamh difear do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do leanaí duine. 22.—(1) Má fhaigheann saoránach Éireannach bás, ní dhéanfaidh sin difear do shaoránacht an chéile, an pháirtnéara sibhialta nó na leanaí a mhairfidh dá éis nó dá héis. (2) Má chailleann duine saoránacht Éireann ní dhéanfaidh sin ann féin difear do shaoránacht chéile nó pháirtnéir sibhialta nó leanaí an duine sin.”,

agus

(i) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 23 (arna leasú le halt 8 d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2001):

“Gan duine do chailliúint saoránachta ar phósadh nó ar pháirtnéireacht sibhialta. 23.—Aon duine a phósfaidh neamhnáisiúnach, nó a rachaidh isteach i bpáirtnéireacht sibhialta le neamhnáisiúnach, ní scoirfidh sé nó sí, de bhua an phósta nó na páirtnéireachta sibhialta agus dá bhua nó dá bua sin amháin, de bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach, cibé acu a gheobhaidh sé nó sí náisiúntacht an neamhnáisiúnaigh nó nach bhfaighidh.”.

## CUID 11

### INIMIRCE

Leasú ar an Acht Inimirce, 2004.

### 34.—Leasaítear an tAcht Inimirce, 2004—

(a) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 11:

“Ceanglais maidir le doiciméid chéannachta agus faisnéis a sholáthar. 11.—(1) Gach duine (seachas duine atá faoi bhun 16 bliana d’aois) a rachaidh i dtír sa Stát, beidh sé nó sí i seilbh pas bhailí nó doiciméid chomhionainn eile, arna eisiúint ag údarás, nó thar ceann údaráis, atá aitheanta ag an Rialtas, agus a shuíonn a chéannacht nó a céannacht agus a náisiúntacht.



(2) Tabharfaidh gach duine a rachaidh i dtír, nó a rachaidh ar bord ón Stát, d'oifigeach inimirce, nuair a iarrfaidh an t-oifigeach sin air nó uirthi déanamh amhlaidh—

(a) an pas nó doiciméad comhionann eile dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus

(b) cibé faisnéis i cibé slí a theastóidh le réasún ón oifigeach inimirce chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(3) (a) Aon duine a sháróidh an t-alt seo beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(b) In imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne duine i leith ciona faoin alt seo, is cosaint don duine a chruthú go raibh cúis réasúnach aige nó aici, tráth an chiona líomhnaithe, gan déanamh de réir cheanglais an ailt seo lena mbaineann an cion.

(4) Níl feidhm ag an alt seo maidir le haon duine (seachas neamhnáisiúnach) atá ag teacht ó áit, nó ag dul ar bord le haghaidh áite, sa Stát, sa Bhreatain Mhór nó i dTuaisceart Éireann.

(5) San alt seo agus in alt 12, ciallaíonn “neamhnáisiúnach” duine—

(a) nach saoránach Éireannach, ná

(b) duine a bhunaigh ceart dul isteach agus a bheith i láthair sa Stát faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eachtrannaigh), 1977 (I.R. Uimh. 393 de 1977), faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceart Cónaithe do Dhaoine nach bhfuil Gníomhach sa Gheilleagar), 1997 (I.R. Uimh. 57 de 1997), nó faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine), 2006 agus 2008.”,

(b) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 12:

“Ceanglais maidir le doiciméid a thabhairt ar aird.

12.—(1) Déanfaidh gach neamhnáisiúnach a bheidh i láthair sa Stát (seachas neamhnáisiúnach atá faoi bhun 16 bliana d’aois) na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird ar éileamh—

- (a) pas bailí nó doiciméad comhionann eile, arna eisiúint ag údarás, nó thar ceann údaráis, atá aitheanta ag an Rialtas, agus a shuíonn a chéannacht nó a céannacht agus a náisiúntacht, agus
- (b) i gcás ina bhfuil sé nó sí cláraithe, nó ina meastar go bhfuil sé nó sí cláraithe, faoin Acht, a dheimhniú cláraithe nó a deimhniú cláraithe.

(2) (a) Aon neamhnáisiúnach a sháróidh an t-alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(b) In imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne duine i leith ciona faoin alt seo, is cosaint don duine a chruthú go raibh cúis réasúnach aige nó aici, tráth an chiona líomhnaithe, gan déanamh de réir cheanglais an ailt seo lena mbaineann an cion.

(3) San alt seo, ciallaíonn ‘ar éileamh’ ar éileamh arna dhéanamh, tráth ar bith, ag an Aire, ag aon oifigeach inimirce nó ag comhalta den Gharda Síochána, d’fhonn a shuíomh nach bhfuil an neamhnáisiúnach lena mbaineann i láthair sa Stát de shárú ar alt 5.”,

agus

(c) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 19:

“Táillí. 19.—(1) (a) Íocfaidh an neamhnáisiúnach lena mbaineann leis an Aire i leith iarratas ar chead a dhéanamh, nó i leith cead a thabhairt, nó ina leith araon, cibé táille (más ann) a bheidh forordaithe le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(b) Íocfaidh an neamhnáisiúnach lena mbaineann leis an oifigeach cláraithe lena mbaineann, i leith deimhniú cláraithe a eisiúint, cibé táille (más ann) a bheidh forordaithe le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(c) Íocfaidh an neamhnáisiúnach lena mbaineann leis an Aire, i leith doiciméad taistil a eisiúint, cibé táille (más ann) a bheidh

forordaithe le toiliú an Aire  
Caiteachais Phoiblí agus  
Athchóirithe.

(2) Féadfaidh an tAire diúltú—

- (a) iarratas ar chead a bhreithniú,
- (b) cead a thabhairt, nó
- (c) doiciméad taistil a eisiúint,

más rud é nach mbeidh an táille chuí, arna forordú faoi mhír (a) nó (c) d'fho-alt (1), íoctha.

(3) Féadfaidh an t-oifigeach cláraithe diúltú deimhniú cláraithe a eisiúint, más rud é nach mbeidh an táille chuí, arna forordú faoi fho-alt (1)(b), íoctha.

(4) Féadfaidh an duine lena bhfuil táille iníoctha faoin alt seo í a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ón duine ag a bhfuil sí iníoctha.

(5) Féadfar le rialacháin faoi fho-alt (1)(a), táillí éagsúla a fhorordú a bheidh le hÍoc in imthosca éagsúla nó i leith ceadanna éagsúla (lena n-áirítear ceadanna a mbeidh coinníollacha éagsúla ag gabháil leo faoi alt 4(6)).

(6) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le haon táillí forordaithe a tharscaoileadh in imthosca sonraithe, lena n-áirítear táillí is iníoctha—

- (a) ag daoine aosaithe nach bhfuil ar a gcumas gan chruatan míchuí socrú a dhéanamh chun iad a íoc ar a son féin agus ar son a gcuid cleithiúnaithe,
- (b) ag iarratasóirí de réir bhrí Acht 1996, agus
- (c) ag daoine a bhfuil dearbhú (de réir bhrí an Achta sin) i bhfeidhm ina leith.

(7) San alt seo, ciallaíonn ‘doiciméad taistil’ doiciméad (seachas doiciméad dá dtagraíonn alt 4(1) d’Acht na nDídeanaithe, 1996) arna eisiúint d’aon toisc chun doiciméad a fhéadfaidh fónamh in ionad pas náisiúnta a chur ar fáil don sealbhóir.”.

CUID 12

LEASÚ AR AN ACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACTHA,  
2009

Míniú (*Cuid 12*). **35.**—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2009” an tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009.

Leasú ar alt 27(1) d’Acht 2009. **36.**—Leasaítear alt 27(1) d’Acht 2009 trí “an chumhacht a scaoileadh nó conradh a dhéanamh, trí ghníomhas nó in aon slí eile ina bhféadfaí an chumhacht a scaoileadh” a chur in ionad “an chumhacht a scaoileadh nó conradh a dhéanamh, trí ghníomhas nó in aon slí eile ina bhféadfaí an chumhacht a chruthú”.

Leasú ar alt 35 d’Acht 2009. **37.**—Leasaítear alt 35 d’Acht 2009 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfar éasúint nó *profit à prendre* a fháil leis an dlí le forordú—

(a) ar ordú cúirte a chlárú faoin alt seo, nó

(b) de réir alt 49A d’Acht 1964.”.

Leasú ar alt 38 d’Acht 2009. **38.**—Leasaítear alt 38 d’Acht 2009, i mír (b), trí “laistigh de 12 bhliain” a chur in ionad “laistigh de 3 bliana”.

Leasú ar alt 39 d’Acht 2009. **39.**—Leasaítear alt 39 d’Acht 2009 tríd an bhfo-alt nua seo a leanas a chur isteach, i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní dhéanann fo-alt (1) difear d’fheidhmiú na cumhachta ag an Údarás Clárúcháin Maoine chun aon taifead a mhodhnú nó a chealú de réir alt 69(4) d’Acht 1964.”.

CUID 13

LEASÚ AR AN ACHT UM CHLÁRÚ TEIDIL, 1964

Míniú (*Cuid 13*). **40.**—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 1964” an tAcht um Chlárú Teidil, 1964.

Leasú ar Acht 1964 (alt 49A a chur isteach). **41.**—Leasaítear Acht 1964 tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 49:

“Éasúintí agus *profit à prendre* a chlárú i gcásanna áirithe. 49A.—(1) I gcás ina n-éilíonn aon duine go bhfuil sé nó sí i dteideal éasúna nó *profit à prendre* agus go bhfuil na ceanglais iomchuí arna leagan amach in ailt 33 go 38 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 comhlíonta, féadfaidh an duine sin iarratas a dhéanamh chuig an Údarás, agus féadfaidh an tÚdarás, más deimhin leis gurb ann do theideal den sórt sin chun na héasúna nó an *profit à prendre* lena mbaineann, a chur faoi deara, de réir mar is cuí—

(a) é a chlárú mar ualach faoi alt 69(1)(jj),

(b) é a thairbhí sa chlár de bhun alt 82 nó, i gcás *profit à prendre* i gcomhiomlán, sa chlár úinéireachta arna chothabháil faoi alt 8(b)(i).

(2) Níl feidhm ag fo-alt (1) ach amháin i ndáil le héilimh ar ina leith—

(a) is talamh cláraithe é an talamh ar tairbhe dó an éasúint nó an *profit à prendre*, a bhfuil talamh eile faoina réir, nó

(b) go ndéantar an t-éileamh mar chuid d'iarratas ar chéadchlárú na talún sin.”.

**42.**—Leasaítear alt 69(1) d’Acht 1964 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j): Leasú ar alt 69 d’Acht 1964.

“(jj) aon éasúint nó *profit à prendre* i gcás gur deimhin leis an Údarás de bhun alt 49A, gurb ann do theideal chun éasúna nó *profit à prendre* den sórt sin;”.

#### CUID 14

##### MÁISTRÍ FÓMHAIS

**43.**—(1) Leasaítear an tOchtú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 8: Máistrí Fómhais a cheapadh.

“8.—Beidh Oifig na Máistrí Fómhais faoi bhainistí cibé Máistir Fómhais a ainmneoidh an Rialtas, agus déanfar san Oifig sin gnó na Máistrí Fómhais seachas cibé gnó is gá de réir dlí go ndéanfadh Máistir Fómhais go pearsanta é.”.

(2) Leasaítear an tOchtú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 18:

“18.—(1) Ní cheapfar aon duine chun bheith ina Mháistir Fómhais nó ina Máistir Fómhais mura rud é go raibh an duine sin tráth a cheaptha nó a ceaptha—

(a) tar éis cleachtadh mar aturnae ar feadh tréimhse nach lú na 10 mbliana,

(b) tar éis cleachtadh mar abhcóide ar feadh tréimhse nach lú ná 10 mbliana, nó

(c) tar éis cleachtadh mar chuntasóir costas dlí ar feadh tréimhse nach lú ná 10 mbliana.

(2) I bhfómhír (1), ciallaíonn cuntasóir costas dlí duine a bhí páirteach go rialta i mbillí costas aturnaetha a ullmhú agus a thíolacadh lena bhfómhas agus a d’fhreastail go rialta os comhair Máistir Fómhais ar bhíllí costas den sórt sin a fhómhas.

(3) Le linn na tréimhsí dá dtagraítear i bhfomhír (1) a ríomh—

- (a) i gcás aturnae, féadfar tréimhsí ar chleacht an duine sin mar abhcóide nó mar chuntasóir costas dlí lena linn a chomhiomlánú le cleachtadh an duine sin mar aturnae,
- (b) i gcás abhcóide, féadfar tréimhsí ar chleacht an duine sin mar aturnae nó mar chuntasóir costas dlí lena linn a chomhiomlánú le cleachtadh an duine sin mar abhcóide,
- (c) i gcás cuntasóra costas dlí, féadfar tréimhsí ar chleacht an duine sin mar aturnae nó mar abhcóide lena linn a chomhiomlánú le cleachtadh an duine sin mar chuntasóir costas dlí.

(4) Le linn fomhír (3) a chur chun feidhme, ní fhéadfar aon tréimhse ama a chomhaireamh i leith aon duine níos mó ná uair amháin.

(5) Aon duine a cheaptar chun bheith ina Mháistir Fómhais nó ina Máistir Fómhais, déanfaidh an Rialtas é nó í a cheapadh ar ainmniú ón Aire.

(6) D’ainneoin aon achtacháin eile, maidir le duine a cheaptar de bhun na míre seo—

- (a) beidh sé nó sí, faoi réir chlásail (b) agus (c), i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana,
- (b) ceanglófar air nó uirthi scor ar 70 bliain d’aois a shlánú,
- (c) ní bheidh sé nó sí in-athcheaptha nó ní bheidh sé nó sí cáilithe go ndéanfaí téarma an cheapacháin a shíneadh.”.

(3) Níl feidhm ag fo-alt (2) ach amháin maidir le ceapachán Máistir Fómhais arna dhéanamh tar éis don alt seo teacht i ngníomh.

## CUID 15

### BINSÍ FIOSRÚCHÁIN

Léiriú (*Cuid 15*).

**44.**—Sa Chuid seo—

ciallaíonn “ábhar iomchuí” i ndáil le binse, an t-ábhar go léir is fianaise arna fáil ag an mbinse, nó doiciméad arna chruthú ag an mbinse nó thar a cheann d’aon chineál ar bith (lena n-áirítear aon doiciméad atá neamhiomlán nó nach bhfuil ach i bhfoirm dréachta);

ciallaíonn “Aire freagrach”, i ndáil le binse, an tAire den Rialtas dár deonaíodh an leithreas-i-gcabhair as a n-íoctar caiteachais an bhinse;

ciallaíonn “binse” binse a gcuirtear an *Tribunals of Inquiry (Evidence) Act 1921* chun feidhme ina leith faoi alt 1 den Acht sin.

45.—Tá feidhm ag an gCuid seo maidir le binse is cuma cé acu a cheaptar an binse roimh an gCuid seo a achtú nó ar í a achtú nó tar éis í a achtú. Feidhm Chuid 15.

46.—(1) I gcás go mbeidh binse tar éis a fhiosrúchán a chríochnú nó a chur in iúl don Aire freagrach go bhfuil sé ar tí a fhiosrúchán a chríochnú, déanfaidh an tAire freagrach, a luaithe is féidir dó nó di déanamh amhlaidh agus faoi réir thoiliú an Aire Airgeadais, le fógra i scríbhinn arna thabhairt do chathaoirleach an bhinse, a cheangal ar an gcathaoirleach an t-ábhar iomchuí a thaisceadh— Ábhar iomchuí a thaisceadh tar éis fiosrúchán, etc., a chríochnú.

(a) le cibé duine, nó i cibé áit, a bheidh sonraithe san fhógra, agus

(b) laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra chun na críche.

(2) Chun cabhrú le cathaoirleach binse a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoi *fho-alt (4)* nó *(5)* ar shlí atá chomh héifeachtúil, éifeachtach agus dlúsúil agus is féidir, féadfaidh an tAire freagrach treoirlínte a leagan amach i bhfógra faoi *fho-alt (1)* maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin ag an gcathaoirleach.

(3) Faoi réir *fho-alt (5)*, comhlíonfaidh cathaoirleach binse ceanglais fógra faoi *fho-alt (1)* (lena n-áirítear aon treoirlínte a leagtar amach san fhógra) arna dtabhairt don chathaoirleach maidir leis an ábhar iomchuí.

(4) Féadfaidh cathaoirleach binse, i gcúrsa ceanglais fógra faoi *fho-alt (1)* arna thabhairt don chathaoirleach maidir leis an ábhar iomchuí a chomhlíonadh, agus tar éis dó féachaint *d'alt 47*, a chur faoi deara go mbeidh ag gabháil leis an ábhar sin—

(a) a thuairim nó a tuairim i scríbhinn i dtaobh cé acu codanna den ábhar sin, más ann, ar gá, go háirithe, breithniú a dhéanamh maidir leo chun críocha *alt 47(2)*, agus

(b) a chúiseanna nó a cúiseanna i scríbhinn leis an tuairim dá dtagraítear i *mír (a)* a bheith aige nó aici.

(5) Faoi réir *fho-alt (6)*, féadfaidh cathaoirleach binse dár tugadh fógra faoi *fho-alt (1)* maidir leis an ábhar iomchuí, le toiliú an Aire fhreagraigh, aon chuid den ábhar sin a thabhairt ar ais don duine a thug an chuid lena mbaineann don bhinse, más rud é—

(a) gur deimhin leis an gcathaoirleach—

(i) nach gá an chuid lena mbaineann a choimeád chun aon cheann de na nithe seo a leanas a thuiscint:

(I) aon cheann d'imeachtaí an bhinse;

(II) aon tuarascáil eatramhach de chuid an bhinse;

(III) tuarascáil chríochnaitheach an bhinse;

agus

(ii) gur beag, más ann, fiúntas nó ábharthacht stairiúil atá le ceachtar de na nithe seo a leanas—

(I) an ní ar bunaíodh an binse chun fiosrú a dhéanamh ina thaobh, nó

(II) cinntí an bhinse,

agus

(b) (i) go ndearna an cathaoirleach taifead a ullmhú ina dtugtar tuairisc ghinearálta ar an gcuid den ábhar iomchuí lena mbaineann, ina sonraítear ainm agus seoladh an duine a bhfuil an chuid le tabhairt ar ais dó nó di agus ina sonraítear an bonn nó na boinn ar ar deimhin leis an gcathaoirleach, i leith na coda sin, amhail mar a thuairiscítear i mír (a), agus

(ii) go gcinntíonn an cathaoirleach go mbeidh an taifead sin ag gabháil leis an ábhar iomchuí nach dtugtar ar ais d'aon duine de bhun an fho-ailt seo.

(6) I gcás go dtabharfadh cathaoirleach binse, de bhun fho-alt (5), cuid den ábhar iomchuí don duine a thug an chuid lena mbaineann don bhinse murach—

(a) gur dhiúltaigh an duine glacadh leis go dtabharfaí an chuid ar ais, nó

(b) nach féidir a fháil amach go réasúnach cá bhfuil an duine,

ansin—

(i) féadfaidh an cathaoirleach, le toiliú an Aire fhreagraigh, a chur faoi deara go ndiúscrófar an chuid ar cibé slí is cuí leis an gcathaoirleach, agus

(ii) déanfaidh an cathaoirleach—

(I) taifead a ullmhú ina dtugtar tuairisc ghinearálta ar an gcuid, ina sonraítear ainm agus seoladh an duine a dhiúltaigh glacadh leis go dtabharfaí an chuid ar ais (má tá feidhm le mír (a)), ina sonraítear ainm an duine a bhfuiltear ag iarraidh an chuid a thabhairt ar ais dó nó di ach nach féidir a fháil amach go réasúnach cá bhfuil sé nó sí (má tá feidhm le mír (b)), ina sonraítear an bonn nó na boinn ar ar deimhin leis an gcathaoirleach, i leith na coda sin, amhail mar a thuairiscítear i mír (a) d'fho-alt (5), agus ina sonraítear an tslí go ndiúscrófar an chuid, agus

(II) a chinntiú go mbeidh an taifead sin ag gabháil leis an ábhar iomchuí nach dtugtar ar ais d'aon duine de bhun fho-alt (5) nó nach ndiúscrófar ar shlí eile de bhun an fho-ailt seo.

(7) I gcás ina bhfuil scortha ag binse den ábhar iomchuí a choinneáil faoi bhreithniú (cibé acu de bhun fhorálacha an ailt seo nó ar shlí eile), ní dhéanfar aon ní san alt seo a fhorléiriú ionas go gcoiscfí ar an Aire freagrach, nó ar Aire eile den Rialtas a bheidh freagrach de thuras na huairé as an ábhar a stóráil, a chur faoi deara an t-ábhar a thaisceadh ó am go ham le cibé duine, nó i cibé áit, is cuí leis an Aire freagrach, nó leis an Aire eile den Rialtas, de réir mar a bheidh.



47.—(1) Maidir le haon ábhar iomchuí de chuid binse (seachas aon chuid den ábhar iomchuí sin a thagann faoi réim *alt 46 (5)* nó *(6)*) arb éard atá ann taifid Roinne de réir bhrí *alt 2(2)* den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, meastar, ar 30 bliain a bheith caite tar éis an dáta a díscaoileadh an bhinse, go bhfuil sé forordaithe faoi *alt 8(11)* den Acht sin mar aicme taifead a bhféadfaidh baint a bheith ag deimhniú a dheonaítear faoi *alt 8(4)* den Acht sin leo.

Ábhar iomchuí a bheith ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

(2) A luaithe is indéanta tar éis an dáta a mheastar aon ábhar iomchuí de chuid binse a bheith forordaithe mar a thuairiscítear i *bhfo-alt (1)*, déanfaidh oifigeach do Roinn Stáit a bheidh údaraithe chun críocha *alt 8(4)* den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, breithniú, tar éis féachaint d'aon tuairim agus d'aon chúiseanna dá dtagraítear in *alt 46(4)* ar chuir cathaoirleach an bhinse faoi deara iad a bheith ag gabháil leis an ábhar agus faoi réir aon toiliú is gá faoi *alt 8(4)*, i dtaobh an cóir an t-ábhar, nó codanna sonraithe de, a dheimhniú faoin *alt sin 8(4)*.

(3) Faoi réir *fo-ailt (1)* agus (2), tá feidhm ag an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 maidir le haon ábhar iomchuí de chuid binse (seachas aon chuid den ábhar iomchuí sin a thagann faoi réim *alt 46(5)* nó *(6)*), arb éard atá ann taifid Roinne de réir bhrí *alt 2(2)* den Acht sin.

48.—(1) Níl feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 maidir le taifead a bhaineann le fiosrúchán faoi ní ar bith ag binse, mura rud é—

Srian leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

- (a) gur roimh an mbinse a cheapadh a cruthaíodh an taifead, nó
- (b) go mbaineann an taifead le caiteachais an bhinse nó le nithe eile a bhaineann le riar ginearálta an bhinse.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* cibé acu, maidir leis an taifead lena mbaineann—

- (a) atá sé ar seilbh ag an mbinse, nó
- (b) atá sé taiscthe le duine, nó in áit, i gcomhlíonadh ceanglas fógra faoi *alt 46(1)* arna thabhairt do chathaoirleach nó d'iarchathaoirleach an bhinse, de réir mar a bheidh.

(3) San alt seo, tá le “taifead” an bhrí chéanna atá leis sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

## CUID 16

### SEIRBHÍSÍ IDIRGHABHÁLA TEAGHLAIGH

49.—Sa Chuid seo—

Mínithe (*Cuid 16*).

ciallaíonn “Gníomhaireacht” an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh;

ciallaíonn “Bord” an Bord um Chúnamh Dlíthiúil;

tá le “seirbhísí idirghabhála teaghlaigh” an bhrí chéanna atá leis san Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 (a cuireadh isteach le *halt 54* den Acht seo).

Feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí idirghabhála teaghlaigh a aistriú ón nGníomhaireacht chuig an mBord.

**50.**—Ar theacht i ngníomh don alt seo aistrefar na feidhmeanna de chuid na Gníomhaireachta a bhaineann le seirbhísí idirghabhála teaghlaigh chuig an mBord agus is feidhm de chuid an Bhoird iad.

Maoín áirithe a aistriú.

**51.**—(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe is indéanta tar éis di ordachán chuige sin a fháil ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, cibé talamh a shonrófar san ordachán sin a aistriú chuig an mBord.

(2) Aon ordachán dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, déanfar é le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Cearta agus dliteanais áirithe a aistriú.

**52.**—(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe is indéanta tar éis di ordachán chuige sin a fháil ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, cibé cearta agus dliteanais a shonrófar san ordachán sin a aistriú chuig an mBord.

(2) Féadfar ordachán dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dhéanamh faoi threoir aicme nó aicmí ceart nó dliteanas.

(3) Aon ordachán dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, déanfar é le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(4) I gcás go n-eascróidh aon amhras i dtaobh cibé acu atá ceart nó oibleagáid arna aistriú nó arna haistriú chuig an mBord de réir an ailt seo, féadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cinneadh a eisiúint maidir le haon cheart nó dliteanas den sórt sin agus beidh an cinneadh sin inghlactha mar fhianaise in aon imeachtaí a bhaineann leis an gceart nó leis an dliteanas áirithe.

(5) Gach ceart nó dliteanas a aistrítear chuig an mBord leis an alt seo, féadfaidh an Bord, ar an aistriú sin agus dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina ainm féin, nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne na Bhoird ina ainm féin.

Oifigigh agus foireann a aistriú.

**53.**—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, beidh cibé oifigigh agus comhaltaí d’fhoireann na Gníomhaireachta a bheidh ainmnithe ag an Aire chun críocha an ailt seo arna n-aistriú chuig an mBord cibé lá a shonróidh an tAire chun na críche.

(2) Déanfar foireann a ainmniú agus lá a shonrú de réir *fho-alt (1)* le toiliú an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(3) (a) Faoi réir *mhír (b)*, gach duine a bhí, díreach sular aistríodh é nó í chuig an mBord de réir *fho-alt (1)*, ina oifigeach nó ina hoifigeach don Ghníomhaireacht, beidh sé nó sí, ar an aistriú sin, ina oifigeach nó ina hoifigeach don Bhord agus sealbhóidh sé nó sí post neamhbhunaithe sa Státseirbhís.

- (b) Gach duine a bhí, díreach sular aistríodh é nó í chuig an mBord de réir *fho-alt (1)*, ina fhostaí nó ina fostaí téarma shocraithe de chuid na Gníomhaireachta, sealbhóidh sé nó sí, ar an aistriú sin, post neamhbhunaithe mar fhostaí téarma shocraithe de chuid an Bhoird ar feadh ré neamhchaite a chonartha nó a conartha fostaíochta.

(4) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ní lú tairbhe dó nó di, ar é nó í a aistriú chuig an mBord, na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) nó luacha saothair a mbeidh sé nó sí faoina réir ná na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) nó luacha saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an aistriú sin.

(5) Beidh seirbhís roimhe sin ag duine a aistrítear faoi *fho-alt (1)* ináirithe chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir na n-eisceachtaí nó na n-eisiamh iontu:

- (a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007;
- (b) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001;
- (c) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003;
- (d) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997;
- (e) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001;
- (f) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005;
- (g) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007;
- (h) na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004;
- (i) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006;
- (j) na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005;
- (k) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001.

(6) Aon sochair aoisliúntais a dhámhfar do dhuine, nó i leith duine, a aistrítear faoi *fho-alt (1)*, agus na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad ná na sochair aoisliúntais agus na téarmaí agus na coinníollacha ab infheidhme maidir leis an duine nó ina leith díreach roimh an aistriú.

(7) San alt seo—

tá le “Státseirbhís” an bhrí chéanna atá leis in Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956;

ciallaíonn “ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta” ceardchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag an nGníomhaireacht nó ag an mBord chun críocha caibidlí a bhaineann le luach saothair, coinníollacha fostaíochta nó coinníollacha oibre na ndaoine lena mbaineann.

Leasú ar an Acht um Chúnadh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.

**54.**—Le héifeacht ón tráth a thiocfaidh *alt 50 den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011*, i ngníomh, leasaítear an tAcht um Chúnadh Dlíthiúil Sibhialta, 1995:

(a) in alt 1, tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘seirbhísí idirghabhála teaghlaigh’ seirbhísí a bheidh ceaptha chun cabhrú le daoine atá páirteach sa phróiseas chun aon cheann díobh seo a leanas a lorg—

- (i) idirscaradh,
- (ii) colscaradh,
- (iii) scaoileadh páirtnéireachta sibhialta,
- (iv) íocaíocht cothabhála,
- (v) ordú cúirte nó comhaontú a bhaineann le caomhnóireacht nó coimeád linbh, nó le rochtain tuismitheora ar leanbh,

teacht ar chomhaontú maidir le cuid de cibé nithe den sórt sin, nó leis an uile ní den sórt, a bhaineann leis na daoine áirithe;”

(b) in alt 5, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Is iad príomhfheidhmeanna an Bhoird:

- (a) na nithe seo a leanas a sholáthar, de réir acmhainní an Bhoird agus faoi réir fhorálacha eile an Achta seo—
  - (i) cúnadh dlíthiúil agus comhairle dhlíthiúil i gcásanna sibhialta do dhaoine a chomhlíonann ceanglais an Achta seo, agus
  - (ii) seirbhís idirghabhála teaghlaigh;
- (b) i gcás ina measfaidh an Bord gur gá nó gur fóirsteanach déanamh amhlaidh socruithe a dhéanamh—
  - (i) maidir le seirbhísí idirghabhála teaghlaigh a sholáthar thar a cheann trí dhaoine a bheidh ceaptha chun na críche sin aige a fhostú, agus
  - (ii) maidir le hoiliúint ar idirghabháil teaghlaigh a sholáthar é féin nó trí dhaoine a bheidh ceaptha chun na críche sin aige.”

(c) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 11:

“Daoine a cheapadh chun seirbhísí idirghabhála teaghlaigh nó oiliúint i ndáil le seirbhísí den sórt sin, a sholáthar.

11A.—(1) Féadfaidh an Bord daoine a mheasfaidh sé a bheith cáilithe mar gheall ar oiliúint agus ar thaithí a cheapadh chun seirbhísí idirghabhála teaghlaigh a sholáthar thar a cheann nó chun oiliúint ar idirghabháil teaghlaigh a sholáthar.

(2) Aon duine a cheapfar de bhun fho-alt (1), ní oifigeach don Bhord ná comhalta d’fhoireann an Bhoird é nó í.

(3) Aon duine a cheapfaidh an Bord de bhun fho-alt (1), ceapfar é nó í faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(4) Ní fhorléireofar fo-alt (2) mar fho-alt a thoirmisceann ar an mBord duine a cheapadh mar oifigeach don Bhord nó mar chomhalta d’fhoireann an Bhoird i ndáil le soláthar seirbhíse idirghabhála teaghlaigh ag an mBord.”

(d) trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 36:

“Rúndacht faisnéise a nochtfar i gcúrsa idirghabhála teaghlaigh.

36A.—(1) Aon chumarsáid (lena n-áirítear aon taifead ar an gcumarsáid sin) idir aon duine de na páirtithe in idirghabháil teaghlaigh arna soláthar ag an mBord nó arna soláthar ag daoine eile a cheap an Bord chun na críche sin faoin Acht seo, agus tríd páirtí, lena n-áirítear idirghabhálaí, d’fhonn féachaint le teacht ar chomhaontú maidir le cibé nithe díobh seo a leanas a bhaineann leis na páirtithe san idirghabháil—

(a) idirscaradh,

(b) colscaradh,

(c) scaoileadh páirtnéireachta sibhialta,

(d) íocaíocht cothabhála,

(e) ordú cúirte nó comhaontú maidir le caomhnóireacht nó coimeád linbh, nó le rochtain tuismitheora ar leanbh,

ní nochtfar í agus ní bheidh sí inghlactha mar fhianaise in aon chúirt.

(2) Is fo-alt i dteannta, agus ní fo-alt in ionad, aon fhorála reachtúla eile é fo-alt (1).

(3) Ní choisfear le haon ní san alt seo ar pháirtí atá, nó a bhí, ag gabháil d'idirghabháil teaghlaigh an dul chun cinn atá déanta san idirghabháil sin a chur in iúl dá aturnae nó dá haturnae agus comhairle dhlíthiúil a fháil i ndáil leis na nithe is ábhar don idirghabháil.

Treoirínte maidir le rúndacht idirghabhála teaghlaigh.

36B.—(1) Déanfaidh an Bord, le toiliú an Aire, treoirínte a mbeidh de chuspóir leo go gcoisfear nochtadh cumarsáidí dá dtagraítear in alt 36A.

(2) Beidh forálacha maidir leis an méid seo a leanas san áireamh i dtreoirínte a dhéanfar faoi fho-alt (1)—

(a) áitreabh a úsáid chun críocha seirbhísí idirghabhála teaghlaigh seachas an t-áitreabh ina mbíonn an t-aturnae don Bhord de ghnáth arb é nó í an t-aturnae atá ag gníomhú do dhuine ar eisíodh deimhniú cúnamh dhlíthiúil dó nó di faoi alt 29 agus ar páirtí é nó í in idirghabháil teaghlaigh arna soláthar ag an mBord nó ag duine atá ceaptha ag an mBord, agus

(b) oiliúint rialta a thabhairt d'fhoireann agus d'oifigigh an Bhoird agus do dhaoine a bheidh ceaptha ag an mBord chun seirbhísí idirghabhála teaghlaigh a sholáthar, maidir leis an ngá atá le cumarsáidí a dhéantar i dtaca le hidirghabháil teaghlaigh a choinneáil faoi rún.”,

agus

(e) in alt 37—

(i) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (2), i ndiaidh mhír (f):

“(fa) foráil a dhéanamh i dtaobh na gcoinníollacha a bhaineann leis an mBord do sholáthar seirbhísí idirghabhála teaghlaigh;

(fb) táillí nó muirir a fhorordú a fhéadfaidh an Bord a mhuirearú i ndáil le seirbhísí idirghabhála teaghlaigh a sholáthar, is rialacháin lena bhféadfar táillí nó muirir éagsúla a fhorordú i ndáil le haicmí éagsúla daoine nó aicmí éagsúla cásanna;”,

agus

- (ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Ní dhéanfar le rialacháin arna ndéanamh de bhun fho-alt (2)(fb) táillí nó muirir a fhorordú i ndáil le seirbhísí idirghabhála teaghlaigh a sholáthar i gcás gur chomhaontaigh na páirtithe san idirghabháil dul i mbun na hidirghabhála sin sular tháinig *alt 50* den *Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha)*, 2011, i ngníomh.”.

**55.**—Leasaítear alt 4 den Acht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001—

Leasú ar an Acht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001.

- (a) i bhfo-alt (1), trí mhíreanna (a) agus (b) a scriosadh, agus  
(b) i bhfo-alt (2), trí mhír (a) a scriosadh.

## CUID 17

### ILGHNÉITHEACH

**56.**—(1) Leasaítear an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003—

Leasú ar an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003.

- (a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 3:

“Caingne sibhialta nach bhfuil feidhm ag an Acht seo maidir leo.

3A.—D’ainneoin alt 3, ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le caingean shibhialta lena mbaineann aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) Coinbhinsiún Vársá;  
(b) Coinbhinsiún Mhontreal;  
(c) Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle;  
(d) alt 46(2) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961;  
(e) Coinbhinsiún na hAithne;  
(f) Rialachán (CE) Uimh. 392/2009;  
(g) Cuid III den Acht Loingis Cheannaíochta (Dliteanas Úinéirí Long agus Daoine Eile), 1996;

a mhéid atá na forálacha reachtúla sin i bhfeidhm agus a mhéid atá na coinbhinsiúin agus na rialacháin sin infheidhme maidir leis an Stát nó sa Stát.”,

- (b) in alt 4(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

ciallaíonn “Coinbhinsiún na hAithne” Coinbhinsiún na hAithne maidir le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste ar Muir, 1974, arna leasú le Prótacal 2002 (Coinbhinsiún na hAithne) agus arna leasú ó am go ham;

ciallaíonn ‘Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle’ Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle maidir le dliteanas aeriompróra i leith paisinéirí agus a mbagáiste a iompar d’aer, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 889/2002<sup>1</sup> agus arna leasú ó am go ham;

ciallaíonn ‘Coinbhinsiún Mhontreal’ an Coinbhinsiún um Aontú Rialacha Áirithe maidir le hIompar Idirnáisiúnta d’Aer, a síníodh i Montreal an 28 Bealtaine 1999 agus arna leasú ó am go ham;

ciallaíonn ‘Rialachán (CE) Uimh. 392/2009<sup>2</sup>’ Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 an 23 Aibreán 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí ar muir i gcás tionóiscí, arna leasú ó am go ham;

ciallaíonn ‘Coinbhinsiún Vársá’ an Coinbhinsiún um Aontú Rialacha Áirithe maidir le hIompar Idirnáisiúnta d’Aer, a síníodh i Vársá an 12 Deireadh Fómhair 1929, nó Coinbhinsiún Vársá arna leasú—

(a) sa Háig an 28 Meán Fómhair 1955,

(b) leis an gCoinbhinsiún i bhforlónadh ar Choinbhinsiún Vársá a rinneadh in Guadalajara an 18 Meán Fómhair 1961, agus

(c) arna leasú ó am go ham;”,

(c) in alt 12, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Ní dhéanfar eisiúint fógra foriarratais nó déanamh foriarratais chun críche iarratais dá dtagraítear i bhfo-alt (4) a mheas mar thosach imeachtaí maidir leis an éileamh iomchuí chun críche aon tréimhse teorann is infheidhme i ndáil leis an éileamh sin (lena n-áirítear aon tréimhse teorann faoi Reacht an dTréimhsí, 1957, faoi alt 9(2) den Acht um Dh liteanas Sibhialta, 1961, faoin Acht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991 agus faoi chomhaontú nó coinbhinsiún idirnáisiúnta ag a mbeidh an Stát faoi cheangal).”,

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 50:

“Am a ríomh chun críche Reacht na dTréimhsí, etc.

50.—Le linn aon tréimhse ama a ríomh chun críche aon tréimhse teorann is infheidhme i ndáil le héileamh iomchuí (lena n-áirítear aon tréimhse teorann faoi Reacht na dTréimhsí, 1957, faoi alt 9(2) den Acht um Dh liteanas Sibhialta, 1961, faoin Acht um Reacht na dTréimhsí (Leasú),

<sup>1</sup>IO Uimh. L 140, 30.05.2002, l2-5.

<sup>2</sup>IO Uimh. L 131, 28.05.2009, l24-46.



1991, agus faoi chomhaontú nó coinbhinsiún idirnáisiúnta ag a mbeidh an Stát faoi cheangal), tabharfar neamhaird ar an tréimhse dar tús an tráth a dhéantar an t-iarratas faoi alt 11 i ndáil leis an éileamh agus dar críoch 6 mhí ó dháta eisiúna údaraithe faoi alt 14, 17, 32, nó 36, faoi rialacha faoi alt 46(3) nó faoi alt 49, de réir mar is cuí.”.

(2) Beidh feidhm ag an leasú a dhéantar le mír (d) d’fho-alt (1) maidir le hiarratais a dhéanfar faoi alt 11 tar éis don alt seo a theacht i ngníomh.

**57.**—Leasaítear alt 40 den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004—

Leasú ar alt 40 den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004.

(a) i bhfo-alt (1) trí “agus 2003” a chur in ionad “go 2003”, agus

(b) i bhfo-alt (3) trí “agus 2003” a chur in ionad “go 2003”.

**58.**—Leasaítear alt 2(2) den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994, trí “d’aon ghearáin arna ndéanamh leis an gCumann ag an gcláraitheoir faoi alt 14C den Acht seo” a chur in ionad “d’aon ghearáin arna ndéanamh leis an gCumann ag an gcláraitheoir faoi alt 14B den Acht seo”.

Leasú ar alt 2(2) den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994.

**59.**—Leasaítear alt 1(1) den Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

Leasú ar alt 1 den Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.

“(e) breitheamh den Chúirt Dúiche.”.

**60.**—Leasaítear an tAcht um Fhoréigean Baile, 1996—

Leasú ar an Acht um Fhoréigean Baile, 1996.

(a) sa mhíniú ar “an t-iarratasóir” in alt 2(1)(a):

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) ní hé nó ní hí céile nó páirtneir sibhialta de réir bhrí Acht 2010 an fhreagróra é nó í agus níl gaol laistigh de na glúine gaoil toirmisce aige nó aici leis an bhfreagróir, ach bhí sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí leis an bhfreagróir i gcaidreamh dlúth tiomanta roimh an iarratas ar an ordú sábháilteachta, nó”,

(ii) i bhfomhír (iv), trí “an bonn atá leis, nó” a chur in ionad “an bonn atá leis;”, agus

(iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iv):

“(v) is tuismitheoir linbh arb é nó í a thuismitheoir nó a tuismitheoir eile an freagróir é nó í;”,

agus

(b) sa mhíniú ar “an t-iarratasóir” in alt 3(1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) ní hé nó ní hí céile nó páirtnéir sibhialta de réir bhrí Acht 2010 an fhreagróra é nó í agus níl gaol laistigh de na glúine gaoil toirmisce aige nó aici leis an bhfreagróir, ach bhí sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí leis an bhfreagróir i gcaidreamh dlúth tiomanta ar feadh sé mhí san iomlán ar a laghad i rith na tréimhse naoi mí díreach roimh an iarratas ar an ordú urchoisc, nó”.

Leasú ar an Acht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010.

**61.**—Leasaítear an tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010—

(a) in alt 34(3) trí “fíneáil d’aicme D” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná €127”,

(b) in alt 39(2)(a) trí “fíneáil d’aicme C” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná €254”,

(c) in alt 63—

(i) i bhfo-alt (2) trí “fíneáil d’aicme C” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná €254”, agus

(ii) i bhfo-alt (3) trí “fíneáil d’aicme E” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná €63”,

(d) in alt 186—

(i) i bhfo-alt (2) trí “fíneáil d’aicme C” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná €254”, agus

(ii) i bhfo-alt (3) trí “fíneáil d’aicme E” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná €63”,

agus

(e) in alt 197 trí “fíneáil d’aicme C” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná €254”.

Leasú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

**62.**—Leasaítear Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003—

(a) sa téacs Gaeilge tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 7:

“Achtanna an Oireachtais.

7.—(1) A luaithe is féidir tar éis aon Acht den Oireachtas a achtú, déanfar an téacs den chéanna a chló agus a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.

(2) Ní oibreoidh fo-alt (1) chun toirmeasc a chur ar Acht den Oireachtas a fhoilsiú ar an idirlíon in aon teanga oifigiúil amháin sula ndéanfar é a chló agus a fhoilsiú de réir an fho-ailt sin.”,

agus

(b) sa téacs Béarla tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 7:

“Acts of the  
Oireachtas.

7.—(1) As soon as may be after the enactment of any Act of the Oireachtas, the text thereof shall be printed and published in each of the official languages simultaneously.

(2) Subsection (1) shall not operate to prohibit the publication on the internet of an Act of the Oireachtas in one official language only prior to its printing and publication in accordance with that subsection.”.

**63.**—Leasaítear an tAcht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte, 1940 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 8:

Leasú ar alt 8 den  
Acht um Fheidhmiú  
Orduithe Cúirte,  
1940.

“Orduithe  
áirithe  
íocaíochtaí  
tréimhsiúla a  
fhorfheidhmiú.

8.—(1) I gcás gan méid airgid is iníoctha de bhua réamh-ordú de réir bhrí an Achta um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976, a bheith íoctha go cuí, féadfaidh an duine atá i dteideal na n-íocaíochtaí (dá ngairtear an t-iarratasóir san alt seo) iarratas a dhéanamh chuig an gcléireach Cúirte Dúiche iomchuí chun toghairm a eisiúint a bheidh dírithe chun an duine ag a bhfuil na méideanna sin iníoctha (dá ngairtear an mainnitheoir san alt seo) lena gceanglófar ar an mainnitheoir freastal os comhair na Cúirte Dúiche tráth agus dáta a shonrófar sa toghairm chun fianaise a thabhairt don chúirt maidir lena chuid nó lena cuid acmhainne agus lena chuid nó lena cuid sócmhainní agus ar an toghairm sin a éisteacht féadfaidh an t-iarratasóir an duine sin a cheistiú faoi mhionn nó féadfar an duine sin a cheistiú faoi mhionn thar ceann an iarratasóra.

(2) Tar éis fianaise a éisteacht i dtaobh an mhéid a bheidh gan íoc de bhun an ordaithe sin agus tar éis fianaise a éisteacht i dtaobh acmhainn agus shócmhainní an mhainnitheora, féadfaidh an Breitheamh Cúirte Dúiche cibé ordú a dhéanamh i dtaobh na méideanna neamhíoctha a íoc, a bhailiú nó a ghnóthú faoin ordú sin is dóigh leis an mbreitheamh is cóir agus is réasúnach lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) i gcás inar deimhin leis an mBreitheamh go bhfuil airgead dlite d’aon duine eile agus ag dul don mhainnitheoir, ordú á ordú don duine eile sin an t-airgead lena mbaineann a íoc leis an gcléireach

Cúirte Dúiche iomchuí go feadh mhéid na híocaíochta atá gan íoc leis an iarratasóir de bhun an ordaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus a shonraítear san ordú mar aon le costais an iarratais faoin alt seo,

(b) i gcás inar deimhin leis an mBreitheamh go bhfuil airgead ann a thiocfaidh chun bheith dlite, nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith dlite, d'aon duine eile don mhainnitheoir, ordú á ordú don duine eile sin aon airgead den sórt sin a íoc leis an gcléireach Cúirte Dúiche iomchuí go feadh mhéid na híocaíochta atá gan íoc leis an iarratasóir de bhun an ordaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus a shonraítear san ordú mar aon le costais an iarratais faoin alt seo,

(c) i gcás inar deimhin leis an mBreitheamh go mbeadh sé éifeachtach déanamh amhlaidh, ordú go ndéanfar na méideanna atá gan íoc leis an iarratasóir dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a thobhach trí thochsal a dhéanamh ar earraí an mhainnitheora agus na hearraí sin a dhíol agus go ndéanfar fáltais an díola a tharchur chuig an geléireach Cúirte Dúiche iomchuí tar éis na costais agus na caiteachais uile a íoc a éireoidh go cuí i dtaca leis an tochsal a thobhach agus na hearraí a dhíol.

(3) Is é an fo-shirriam cuí a dhéanfaidh gach tochsal agus díol a dhéanfar de bhun ordú ón mBreitheamh Cúirte Dúiche faoin alt seo.

(4) Déanfar an t-airgead go léir a gheobhaidh an cléireach Cúirte Dúiche iomchuí a íoc leis an iarratasóir a luaithe is indéanta tar éis é a fháil.

(5) San alt seo, ciallaíonn “cléireach Cúirte Dúiche iomchuí” an cléireach Cúirte Dúiche don cheantar Cúirte Dúiche ina bhfuil cónaí ar an mainnitheoir nó ina seolann an mainnitheoir aon ghairm, gnó nó slí bheatha, mura rud é de bhua aon achtacháin eile a bhaineann leis an réamh-ordú áirithe, gur aon chléireach Cúirte Dúiche eile an cléireach Cúirte Dúiche iomchuí maidir leis an réamh-ordú sin.”.

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 34:

“An Ard-  
Chúirt ar  
Cuaird.

34.—(1) Faoi réir fho-ailt (6), (7) agus (8), suífidh an Ard-Chúirt, uair amháin ar a laghad gach bliain, cibé tráthanna a chinnfidh Uachtarán na hArd-Chúirte, sna bailte achomhairc dá dtagraítear i bhfo-alt (2) chun na gríoch a luaitear san fho-alt sin agus chun cibé gnó eile a dhéanamh a thabharfar os a comhair go dleathach.

(2) Faoi réir fho-alt (6), (7) agus (8), ainmneoidh Uachtarán na hArd-Chúirte na bailte achomhairc ina suífidh an Ard-Chúirt de réir fho-alt (1) chun achomhairc i gcoinne na Cúirte Cuarda a éisteacht.

(3) Chun críocha an ailt seo, tionólfaidh breitheamh amháin nó níos mó den Ard-Chúirt suíonna den Ard-Chúirt sna bailte achomhairc dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus a gceanglaítear orthu láithriú iontu de réir mar a chinnfidh Uachtarán na hArd-Chúirte.

(4) An Ard-Chúirt ar Cuaird a thabharfar ar an Ard-Chúirt, agus a ghairtear san Acht seo den Ard-Chúirt, ina suí di i mbaile achomhairc de réir an ailt seo, agus suíonna den Ard-Chúirt ar Cuaird a thabharfar ar shuíonna den Ard-Chúirt, agus a ghairtear san Acht seo de shuíonna den Ard-Chúirt, in aon bhaile achomhairc den sórt sin de réir an ailt seo.

(5) Cinnfidh Uachtarán na hArd-Chúirte, i leith gach suí den Ard-Chúirt ar Cuaird, líon na mbreithiúna a shuífidh chun críocha na hArd-Chúirte ar Cuaird, agus an lá agus an uair a thosóidh na suíonna sin i mbaile achomhairc ar gach Cuaird den sórt sin.

(6) Más rud é, maidir le haon suí den Ard-Chúirt ar Cuaird, go bhfaighidh an breitheamh a bheidh ag suí (nó má bhíonn níos mó ná breitheamh amháin ag suí, an breitheamh is sinsearaí de na breithiúna) amach nach bhfuil aon ghnó le déanamh ag na suíonna sin in aon bhaile achomhairc ar leith, féadfaidh an breitheamh sin a ordú i scríbhinn nach bhfuil oibleagáid ann an suí sin a thionól sa bhaile achomhairc sin.

(7) I gcás ina gcinnfidh Uachtarán na hArd-Chúirte gur gá déanamh amlaidh chun gnó na hArd-Chúirte a chomhall go héifeachtach, féadfaidh sé nó sí a ordú nach dtionólfar aon suí den Ard-Chúirt ar Cuaird i mbaile achomhairc áirithe i mbliain áirithe.

(8) I gcás ina dtabharfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte ordachán de réir fho-alt (7), déanfar achomhairc i gcoinne na Cúirte Cuarda a bheadh le héisteacht sa bhaile achomhairc lena mbaineann, mura mbeadh an t-ordachán sin, a éisteacht—

(a) ag suí den Ard-Chúirt ar Cuaird i cibé baile achomhairc eile a ainmneoidh Uachtarán na hArd-Chúirte, nó

(b) ag an Ard-Chúirt ina suí di i mBaile Átha Cliath,

de réir mar a ordóidh Uachtarán na hArd-Chúirte.

(9) I gcás ina dtabharfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte ordachán faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí socruithe chun an t-ordachán a chur chuig an gcláraitheoir contae don chontae ina bhfuil aon bhaile achomhairc dá ndéantar difear amhlaidh suite.”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 35:

“Breithiúna na hArd-Chúirte ar Cuaird.

35.—(1) Taistealóidh agus súfidh Uachtarán na hArd-Chúirte, más cuí leis nó léi agus nuair is cuí leis nó léi, mar bhreitheamh den Ard-Chúirt ar Cuaird, agus taistealóidh agus súfidh gach breitheamh eile den Ard-Chúirt mar bhreitheamh den Ard-Chúirt nuair a iarrfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte air nó uirthi déanamh amhlaidh.

(2) Taistealóidh agus súfidh an Príomh-Bhreitheamh, más cuí leis nó léi agus nuair is cuí leis nó léi, mar bhreitheamh den Ard-Chúirt ar Cuaird, agus taistealóidh agus súfidh gach breitheamh eile den Chúirt Uachtarach mar bhreitheamh den Ard-Chúirt ar Cuaird nuair a iarrfaidh an Príomh-Bhreitheamh air nó uirthi déanamh amhlaidh, agus beidh gach breitheamh eile den sórt sin, le linn dó nó di taisteal agus suí amhlaidh, ina bhreitheamh breise nó ina breitheamh breise, den Ard-Chúirt.

(3) Cinnfidh Uachtarán na hArd-Chúirte, tar éis cibé comhchomhairle is cuí leis nó léi leis na breithiúna lena mbaineann, maidir le gach suí den Ard-Chúirt ar Cuaird, na breithiúna éagsúla den Ard-Chúirt a n-iarrfar orthu taisteal agus suí chun críocha na suíonna sin, agus an breitheamh, nó na breithiúna, ar leith a thaistealóidh agus a shuífidh amhlaidh ar gach Cuaird den Ard-Chúirt, agus

féadfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte, aon chinneadh den sórt sin a athrú.

(4) Cinnfidh an Príomh-Bhreitheamh, tar éis cibé comhchomhairle is cuí leis nó léi leis na breithiúna lena mbaineann, maidir le gach suí den Ard-Chúirt ar Cuaird, na breithiúna éagsúla den Chúirt Uachtarach a n-iarrfar orthu taisteal agus suí chun críocha na suíonna sin, agus an breitheamh, nó na breithiúna, ar leith a thaistealóidh agus a shuífidh amhlaidh ar gach Cuaird den Ard-Chúirt, agus an féadfaidh an Príomh-Bhreitheamh aon chinneadh den sórt sin a athrú.”

(d) trí alt 36 a aisghairm,

(e) in alt 38 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b) d’fho-alt (1):

“(b) i ngach cás eile—

(i) faoi réir fhomhír (ii), chun na hArd-Chúirte ar Cuaird ina suí sa bhaile achomhairc arna ainmniú don achomharc de réir alt 34(2),

(ii) i gcás inar tugadh ordachán de bhun alt 34(7) maidir leis an mbaile achomhairc ina n-éistfí an t-achomharc, murach an t-ordachán sin, chun na hArd-Chúirte ar Cuaird ina suí di i cibé baile achomhairc eile, nó chun na hArd-Chúirte ina suí di i mBaile Átha Cliath, de réir mar a bheidh, de réir mar a bheidh ordaithe de réir alt 34(8),

(iii) i bhfo-alt (4) trí “go dtí aon bhaile achomhairc eile nó go dtí Baile Átha Cliath” a chur in ionad “nó go dtí aon bhaile athchomhairc eile sa Chuard chéanna no go dtí Baile Átha Cliath”, agus

(iv) i bhfo-alt (5)(a), trí “i mbaile achomhairc eile” a chur in ionad “i mbaile achomhairc eile ar an gcuaird chéanna”,

(f) tríd an ábhar atá sa Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a chur in ionad an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht sin.

**65.**—Leasaítear mír 1 den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995 trí na fomhíreanna seo a leanas a chur leis:

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995.

“(xxxvii) Ordú faoi alt 47 den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004 lena ndéantar pósadh dhíolmhú ó fheidhm alt 46(1)(a)(i) (fógra á rá go bhfuiltear chun pósadh) den Acht sin.

- (xxxviii) Ordú faoi alt 59B den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004, lena ndéantar clárú páirtnéireachta sibhialta a dhíolmhú ó fheidhm alt 59(1)(a) (fógra á rá go bhfuiltear chun páirtnéireacht sibhialta a dhéanamh) den Acht sin.
- (xxxix) Ordú faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009, a bhaineann leis na nithe seo a leanas—
- (a) ordacháin faoi alt 21(17) den Acht sin maidir leis an tslí chun fógra a thabhairt faoi iarratas faoi alt 21 den Acht sin,
- (b) a mheas gur leor fógra arna thabhairt faoi iarratas faoi alt 21 den Acht sin, nó
- (c) tabhairt fógra faoi iarratas faoi alt 21 den Acht sin (seachas fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (10) den alt sin) a ligean thar ceal.
- (xl) Ordú lena leathnaítear nó lena leasaítear an tréimhse ama chun doiciméid a sheirbheáil.
- (xli) Ordú faoi alt 61(7) den Acht um Chlárú Teidil, 1964, lena ndéantar an riachtanas chun ionadaíocht a bhaint amach a ligean thar ceal agus lena n-ordaítear an t-iarratasóir a chlárú mar úinéir na talún.”.

Leasú ar alt 65 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936.

**66.**—Leasaítear alt 65 (arna leasú le halt 9 den Acht um an Dlí Sibhialta (*Forálacha Ilghnéitheacha*), 2008) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936 trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Le linn dó nó di táillí a fhorordú faoi mhír (a) d’fho-alt (1) féadfaidh an tAire—

- (a) táillí éagsúla a fhorordú i leith oifigí éagsúla dá dtagraítear sa mhír sin agus i leith seirbhísí éagsúla a sholáthraíonn na hoifigí sin, agus
- (b) aird a thabhairt ar an gcaiteachas go léir dá dtagraítear i bhfo-alt (1B) nó ar aon chuid de ionas go ndéanfar cibé méid den chaiteachas sin is dóigh leis an Aire a bheith réasúnach a ghnóthú ó na táillí sin.

(1B) Is é an caiteachas dá dtagraítear i bhfo-alt (1A)(b) an caiteachas a thabhaigh nó, de réir mar a bheidh, a mheastar le réasún a thabhóidh, na hoifigí dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) nó an tSeirbhís Chúirteanna le linn:

- (a) na hoifigí nó na cúirteanna sin a bhunú, a chothabháil agus a oibriú;
- (b) do na hoifigí sin, nó do na cúirteanna lena mbaineann siad, an gnó a dhéanamh a cheanglaítear orthu a dhéanamh;
- (c) seirbhísí agus saoráidí a sholáthar d’úsáideoirí na n-oifigí nó na gcúirteanna sin.”.



AN SCEIDEAL

Alt 64.

“AN DARA SCEIDEAL

BAILTE ACHOMHAIRC

---

Ceatharlach

---

Cora Droma Rúisc

---

Caisleán an Bharraigh

---

An Cabhán

---

Cluain Meala

---

Corcaigh

---

Dún Dealgan

---

Inis

---

Gaillimh

---

Cill Chainnigh

---

Leitir Ceanainn

---

Luimneach

---

An Longfort

---

Muineachán

---

An Muileann gCearr

---

An Nás

---

An tAonach

---

Port Laoise

---

Ros Comáin

---

Sligeach

---

Trá Lí

---

Baile Átha Troim

---

Tulach Mhór

---

Port Láirge

---

Loch Garman

---

Cill Mhantáin

---

”.